

*Ag obair chun
Cultúr Náisiúnta
Feabhais
i Sábháilteacht,
Sláinte agus
Leas ag an Ionad
Oibre a chruthú
d'Éirinn*

**An tÚdarás Sláinte agus
Sábháilteachta**

Teil. 1890 289 389

**Glaonna ó
Iasmuigh d'Éirinn
00353 1 6147000
Facs (01) 6147020**

www.hsa.ie



Achoimre ar Staitisticí
Gortaithe, Breoiteachta
agus Báis san Ionad Oibre
2006-2007

Ag obair le Cultúr
Náisiúnta Barr Feabhais
i Sábháilteacht, Sláinte
agus Leas san Ionad
Oibre a chruthú d'Éirinn.

1. RÉAMHRÁ	4
1.1 Réamhrá ar an Achoimre Staitisticí 2006–2007	4
Fíor 1.1: Comparáid idir Aicmiú NACE Rev.1 agus NACE Rev.2	5
1.2 Forbhreathnú ar Threochtaí Staitistice	6
1.3 Foinsí Eolais	8
Fíor 1.2: Gortaithe a thuairiscigh an earnáil eacnamaíoch don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) 2007 (HSA)	9
1.4 Nótaí Teicniúla	11
2. STAITISTICÍ FAOI GHORTAITHE AGUS BHREOITEACHTAÍ NEAMH-MHARFACHA	12
2.1 Staitisticí Ginearálta Gortaithe agus Breoiteachta	12
Fíor 2.1: Líon na ndaoine fostaithe i ngach earnáil eacnamaíoch 2001–2007* (An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO))	12
Fíor 2.2: Líon na ndaoine fostaithe i ngach earnáil eacnamaíoch 2001–2007*(CSO)	13
Fíor 2.3: Líon agus ráta na ndaoine a d'fhulaing díobháil nó a raibh breoiteacht orthu 2001–2006 (CSO)	14
Fíor 2.4: Ráta gortaithe agus breoiteachta is cúis le 4 lá + caillte 2003–2006 (CSO)	14
Fíor 2.5: Líon agus ráta na ngortaithe ar fad de réir earnála eacnamaíche 2003–2006 (CSO)	15
Fíor 2.6: Líon agus ráta gortaithe 4 lá + de réir earnála eacnamaíche 2003–2006 (CSO)	15
Fíor 2.7: Ráta gortaithe 4 lá + i dTógáil i gcomparáid le gach earnáil eile 2002–2006 (CSO)	16
Fíor 2.8: Líon agus ráta na mbreoiteachtaí ar fad de réir earnála eacnamaíche 2003–2006 (CSO)	16
Fíor 2.9: Líon agus ráta breoiteachtaí 4 lá + de réir earnála eacnamaíche 2003–2006 (CSO)	17
Fíor 2.10: Líon na n-éileamh Sochar Dhiobhálacha Ceirde (OIB) a ceadaíodh 1992–2007 (an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh)(DSFA))	18
Fíor 2.11: Ráta gortaithe 4 lá + san AE 2005 (Eurostat)	18
Fíor 2.12: Líon na laethanta a cailleadh mar gheall ar dhíobháil agus bhreoiteacht a bhain le hobair 2002–2006 (CSO)	19
FOLÁIRIMH RIOSCA	19
2.2 Staitisticí faoi Íospartaigh	21
Fíor 2.13: Líon agus ráta gortaithe nó breoiteachta de réir earnála eacnamaíche agus inscne 2006 (An Phríomh-Oifig Staidrimh)	21
Fíor 2.14: Rátá na ngortaithe ar fad (lá ar bith caillte) de réir inscne 2002–2006 (CSO)	22
Fíor 2.15: Rátá na mbreoiteachtaí ar fad (lá ar bith caillte) de réir inscne 2002–2006 (CSO)	22
Fíor 2.16: Dáileadh gortaithe neamh-mharfacha de réir bandaí aoise 2007 (an tÚdarás Sábháilteachta agus Sláinte(HSA))	23
Fíor 2.17: Dáileadh gortaithe neamh-mharfacha de réir aoise agus earnála eacnamaíche 2007 (HSA)	23
Fíor 2.18: Rátáí gortaithe de réir bandaí aoise 2002–2006 (CSO)	24
Fíor 2.19: Rátáí breoiteachta de réir bandaí aoise 2002–2006 (CSO)	24
Fíor 2.20: Gortaithe neamh-mharfacha tuairiscithe de réir gairme 2007 (HSA)	25
Fíor 2.21: Éilimh ar OIB de réir gairme 2007 (An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh(DSFA))	25
Fíor 2.22: Ráta gortaithe de réir gairme 2002–2006 (CSO)	26
Fíor 2.23: Ráta breoiteachta de réir gairme 2002–2006 (CSO)	26
Fíor 2.24: Dáileadh na dteagmhach neamh-mharfach tuairiscithe, de réir earnála eacnamaíche agus stádas fostaíochta 2007 (HSA)	27
Fíor 2.25: Dáileadh na ngortaithe neamh-mharfacha de réir náisiúntachta 2007 (HSA)	27
Fíor 2.26: Dáileadh na ngortaithe neamh-mharfacha de réir earnála agus náisiúntachta 2007 (HSA)	28
Fíor 2.27: Oibrithe de réir náisiúntachta agus earnála eacnamaíche 2007 (CSO)	28
FOLÁIRIMH FAOI RIOSCAÍ	29



2.3	Staitisticí Teagmhais	30
Fíor 2.28:	Céatadán na ngortaithe neamh-mharfacha tuairiscithe de réir tobthruíge timpiste agus earnála eacnamaíche 2007 (HSA)	31
Fíor 2.29:	Na cúig phríomh-thobthruíg a bhí le timpistí neamh-mharfacha – gach earnáil 2007 (HSA)	31
Fíor 2.30:	Cineálacha gortaithe de réir inscne 2006 (CSO)	32
Fíor 2.31:	Cineálacha breoiteachta de réir inscne 2006 (CSO)	32
Fíor 2.32:	Ball coirp is mó a tuairiscíodh a bheith gortaithe – gach earnáil 2007 (HSA)	33
Fíor 2.33:	Céatadán na ngortaithe neamh-mharfacha tuairiscithe, de réir ball coirp a gortaíodh agus de réir earnála eacnamaíche 2007 (HSA)	33
Fíor 2.34:	Éilimh ar OIB de réir cineálacha gortaithe 2007 (Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (DSFA))	34
Fíor 2.35:	Gortaithe neamh-mharfacha tuairiscithe de réir neamhláithreachta ó obair 2007 (HSA)	34
Fíor 2.36:	Gortaithe tuairiscithe de réir neamhláithreachta ó obair agus de réir earnála eacnamaíche 2007 (HSA)	35
2.4	Staitisticí faoi Thimpeallacht Oibre	36
Fíor 2.37:	Céatadán na ngortaithe neamh-mharfacha tuairiscithe de réir timpeallacht oibre agus earnála eacnamaíche 2007 (HSA)	36
Fíor 2.38:	Céatadán na ngortaithe neamh-mharfacha tuairiscithe de réir méid na heagraíochta a bhí mar fhostóir 2007 (HSA)	37
Fíor 2.39:	Céatadán na ngortaithe neamh-mharfacha tuairiscithe de réir méid na heagraíochta a bhí mar fhostóir agus de réir earnála eacnamaíche 2007 (HSA)	37
Fíor 2.40:	Líon na dtuairiscí de réir shuíomh geografach an teagmhais 2007 (HSA)	38
Fíor 2.41:	Ráta breoiteachta agus gortaithe de réir réigiúin 2006 (CSO)	38
Fíor 2.42:	Ráta gortaithe in aghaidh gach 1,000 oibrí de réir réigiúin 2006 (CSO)	39
3.	STAITISTICÍ FAOI GHORTAITHE MARFACHA	40
Fíor 3.1:	Líon básanna de réir earnála eacnamaíche (idir oibrithe agus eile) 2007 (HSA)	40
Fíor 3.2:	Ráta básanna oibrithe, de réir earnála eacnamaíche 2000-2007 (HSA)	41
Fíor 3.3:	Ráta básanna oibrithe de réir earnála eacnamaíche* 2007 (HSA)	42
Fíor 3.4:	Líon básanna (idir oibrithe agus eile) de réir earnála eacnamaíche 2002-2007 (HSA)	43
Fíor 3.5:	Ráta báis oibrithe de réir earnála eacnamaíche 2000-2007 (HSA)	43
Fíor 3.6:	An ráta báis iomlán i gcomórtas leis an ráta báis in earnálacha na Talmhaíochta/lascaireachta agus na Tógála 2000-2007 (HSA)	44
Fíor 3.7:	Céatadán na ngortaithe marfacha de réir stádas fostaíochta 2007 (HSA)	44
Fíor 3.8:	Líon básanna (idir oibrithe agus eile) de réir earnála eacnamaíche agus banda aoise 2007 (HSA)	45
Fíor 3.9:	Líon básanna (idir oibrithe agus eile) de réir bandaí aoise 2007 (HSA)	45
Fíor 3.10:	Líon básanna oibrithe, de réir náisiúntachta agus earnála eacnamaíche 2007 (HSA)	46
Fíor 3.11:	Céatadán básanna oibrithe de réir náisiúntachta 2007 (HSA)	46
Fíor 3.12:	Rátaí báis oibrithe de réir náisiúntachta 2005-2007 (HSA)	46
Fíor 3.13:	Líon básanna (idir oibrithe agus eile) de réir tobthruíge timpiste 2007 (HSA)	47
Fíor 3.14:	Líon básanna (idir oibrithe agus eile) de réir contae 2005-2007 (HSA)	47
Fíor 3.15:	Rátaí báis oibrithe san AE 2005 (Eurostat)	48
Fíor 3.16:	Léarscáil a léiríonn rátaí báis oibrithe san AE 2005 (Eurostat)	48
	FOLÁIRIMH FAOI RIOSCAÍ	49



4. ÁBHAR SPEISIALTA	50
4.1 Líonra THOR Ireland (Tuairiscithe Sláinte agus Gairme)	50
Fíor A.1: Scéim THOR de réir inscne 2005-2007	52
Fíor A.2: Scéim THOR de réir aoisghrúpa 2005-2007	53
Fíor A.3: EPIDERM de réir aoisghrúpa 2005-2007	53
Fíor A.4: SWORD de réir aoisghrúpa 2005-2007	54
Fíor A.5: OPRA de réir aoisghrúpa 2007	54
Fíor A.6: Scéim THOR de réir diagnóise 2005-2007*	55
Fíor A.7: EPIDERM de réir gairme 2005-2007	55
Fíor A.8: EPIDERM de réir tionscail 2005-2007	56
Fíor A.9: SWORD de réir gairme 2005-2007	56
Fíor A.10: SWORD de réir tionscail 2005-2007	57
Fíor A.11: OPRA de réir gairme 2007	57
Fíor A.12: OPRA de réir tionscail 2007	57
4.2 Úsáid a bhaint as bunachar sonraí an Údaráis: Measúnú ar thionchar fheachtas obair ar airde an HSA in earnáil na Tógála	59
Fíor B.1: Timpistí a bhain le titim ó airde a tuairiscíodh don HSA sa tionscal tógála de réir lín agus ráta in aghaidh gach 100,000 oibrí (HSA, 2007a, lch. 16)	60
Fíor B.2: An t-athrú ar líon na bhfógraí a bhaineann le Obair ar Airde (WAH) a d'eisigh an HSA sa tionscal tógála agus ráta na dtimpistí titime ó airde sa tionscal tógála a tuairiscíodh don HSA (1998 tógtha mar an mbonnlíne) (HSA, 2007a, lch. 46)	61
Fíor B.3: An t-athrú ar chaitechas an HSA sa tionscal tógála agus ráta na dtimpistí titime ó airde sa tionscal tógála a tuairiscíodh don HSA (1995 tógtha mar an mbonnlíne) (HSA, 2007a, lch. 47)	62
Fíor B.4: An t-athrú ar ráta timpistí titime ó airde sa tionscal tógála a tuairiscíodh don HSA (1995 tógtha mar an mbonnlíne) agus tionchar na dtionscnamh HSA (HSA, 2007a, lch. 43)	63
Fíor B.5: An treocht réamh-mheasta i ráta na dtimpistí titime ó airde sa tionscal tógála gan tionchar na dtionscnamh HSA (HSA, 2007a, lch. 44)	64
AGUISÍN – ACHOIMRE AR BHÁSANNA 2007	65
TALMHAÍOCHT, SEALGAIREACHT AGUS FORAOISEACHT (11 BÁS)	65
IASCAIREACHT (12 BÁS)	65
MIANADÓIREACHT AGUS CAIRÉALÚ (2 BÁS)	66
DÉANTÚSAÍOCHT (4 BÁS)	66
IOMPAR, STÓRÁIL AGUS CUMARSÁID (9 BÁS)	66
TÓGÁIL (18 BÁS)	67
TRÁDÁIL MHÓRDHÍOLA AGUS MHIONDÍOLA; DEISIÚ EARRAÍ TÍ AGUS MÓTARFHEITHICLÍ (1 BÁS)	67
EASTÁT RÉADACH, GNÓ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ LIGIN AR CÍOS (2 BÁS)	68
RIARACHÁN POIBLÍ AGUS COSAINT; SLÁNDÁIL SHÓISIALACH ÉIGEANTACH (4 BÁS)	68
SEIRBHÍSÍ POBAIL, SÓISIALTA AGUS PEARSANTA EILE (4 BÁS)	68
TAGAIRTÍ	69

1. Réamhrá

1.1 Réamhrá ar an Achoimre Staitisticí 2006–2007

Is é an cuspóir atá le hAchoimre Staitisticí bliantúil an Údaráis ná faisnéis faoi na teagmhais a thuairiscítear a chur ar fáil do lucht léitheoireachta forleathan, trí shonraí a achoimriú i dtáblaí agus i ngraif agus trí bhun-léirmhínte a thabhairt.

Déanaimid athbhreithniú gach bliain ar a bhfuil san Achoimre mar fhreagra ar an aiseolas a fhaighimid ó úsáideoirí. I mbliana tá faisnéis bhreise ann a léiríonn an miondealú ar dhíobhálacha marfacha agus neamh-mharfacha de réir inscne. Tá Comparáid le rátaí gortaithe agus báis i mBallstáit eile de chuid na hEorpa (a bhí mar Ábhar Speisialta san Achoimre Staitisticí 2005–2006) i bpríomhthéacs na tuarascála i mbliana.

Tá dhá Ábhar Speisialta san Achoimre seo. Cuireann an chéad cheann achoimre ar shonraí galar ceirde i láthair a bailíodh trí líonra THOR Ireland (An líonra Tuairiscithe Sláinte agus Gairme). Tá an líonra á riaradh ag an Scoil Mhíochaine in Ollscoil Mhanchain ó 2005 i leith, agus tá sé maoinithe ag an Údarás ó thús 2007. Éascaíonn córas THOR tuairisciú deonach galair ceirde ó dheirmeolaithe, lianna riospráide agus lianna ceirde. Cuimsíonn an tÁbhar cuntas ar fhorbairt THOR Ireland, i dteannta le torthaí ón tréimhse 2005 go 2007 agus creatphleananna don líonra a mhéadú amach anseo. Tá imní ar an Údarás go gcuireann an easpa sonraí galar ceirde faoi láthair bac leis an gcumas cosc a chur ar na galair toisc nach bhfuil ach fórbheagán fianaise ann ar féidir feachtais agus idirghabhálacha sláinte a bhunadh uirthi. Gníomhaí eile atá spreagúil sa réimse seo is ea rialachán molta an Choimisiúin Eorpaigh maidir le ceanglas dlíthiúil a chur ar na Ballstáit sonraí galar ceirde a thuairisciú don Choimisiún ar bhonn bliantúil – Ní mór do na gníomhaireachtaí leasmhara in Éirinn cur chuige a fhorbairt leis na hoibleagáidí dlíthúla seo a shásamh.

Cuireann an dara hÁbhar Speisialta eolas i láthair ar staidéar ar mheasúnú tionchair a choimisiúnaigh an tÚdarás i 2007 chun tionchar an fheachtais obair ar airde a lúcháil thar na deich mbliana atá thart. Léiríonn na torthaí go raibh páirt ag iarrachtaí carnacha an Údaráis i laghdú ar an ráta timpiste titime ó airde. Measann an tuarascáil chomh maith go bhfuil buntáistí eacnamaíocha suntasacha fabhráithe mar gheall ar fheidhmiú feabhsaithe maidir le hobair ar airde. Léiríonn an taighde seo an tábhacht a bhaineann le bunachair sonraí ardcháilíochta a chothabháil ionas gur féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus gur féidir gníomhartha a bhfuil rath orthu a mhacasamhlú.

Féadfaidh na daoine a úsáideann aschur staitistice an Údaráis a bheith ag súil le hathruithe suntasacha i gcur i láthair sonraí ó 2008 ar aghaidh mar gheall ar leasú ar chóras aicmiúcháin NACE (chun gníomhaíocht eacnamaíoch an fhostóra a aicmiú), a tugadh suas chun dáta chun forbairtí i ngníomhaíocht eacnamaíoch a léiriú. Cuireann Rialachán (AE) Uimh. 973/2007 oibleagáid dhlíthiúil ar gach Ballstát na cóid nua NACE a chur i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2008. Tá na hathruithe barrleibhéil curtha i láthair i dTábla 1.1 thíos.



Fíor 1.1: Comparáid idir aicmiú NACE Rev.1 agus NACE Rev.2

Leasú NACE 1		Leasú NACE 2	
A	Talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht	A	Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht
B	Iascaireacht		Bainte as
C	Mianadóireacht agus cairéalú	B	Mianadóireacht agus cairéalú
D	Déantúsaíocht	C	Déantúsaíocht
E	Leictreachas, gás agus soláthar uisce	D	Leictreachas, gás, gal agus soláthar aerchóirithe
	Nua	E	Soláthar uisce; séarachas, bainistíocht dramhaíola agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin
F	Tógáil	F	Tógáil
G	Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola; deisiú mótarfheithiclí, gluaisrothar agus seirbhísí pearsanta agus teaghlaigh	G	Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola; deisiú mótarfheithiclí agus gluaisrothair
H	Óstáin agus bialanna	I	Lóistín agus gníomhaíochtaí seirbhísí bia
I	Iompar, stóráil agus cumarsáid	H	Iompar agus stóráil
	Nua	J	Faisnéis agus cumarsáid
J	Idirghabháil Airgeadais	K	Gníomhaíochtaí airgeadais agus áireachais
K	Gníomhaíochtaí eastáit réadaigh, ligin ar cíos agus gnó	L	Gníomhaíochtaí eastáit réadaigh
	Nua	M	Gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíoch agus teicniúla
	Nua	N	Gníomhaíochtaí seirbhísí tacaíochta agus riaracháin
L	Riarachán Poiblí agus cosaint; slándáil shóisialach éigeantach	O	Riarachán poiblí agus cosaint; slándáil shóisialach éigeantach
M	Oideachas	P	Oideachas
N	Sláinte agus obair shóisialta	Q	Gníomhaíochtaí ó thaobh sláinte an duine agus oibre sóisialta
	Nua	R	Ealaíona, siamsaíocht agus caitheamh aimsire
O	Gníomhaíochtaí pobail, sóisialta agus seirbhíse pearsanta eile	S	Gníomhaíochtaí seirbhíse eile

Cuireadh córais tuairiscithe agus bunachair shonraí an Údaráis in oiriúint ar an 1 Eanáir 2008, agus mar thoradh air seo cuirfear sonraí don bhliain tagartha 2008 i láthair agus déanfar iad a thaifeadadh ag úsáid chóid NACE Rev.2. Tá staitisticí báis do 2008 ar shuíomh Gréasáin an Údaráis curtha i láthair cheana féin faoin aicmiú leasaithe. Cuirfear tuilleadh sonraí den leasú ar fáil san Achoimre Staitisticí 2007–2008.



1.2 Forbhreathnú ar Threochtaí Staitistice

Achoimre ar shonraí gortaithe neamh-mharfacha agus breoiteachtaí

Léiríonn meastacháin ar ghortaithe a bhaineann le hobair ón bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) nár tháinig mórán athrú ar an ráta díobhála bliantúil ó 2003 i leith. Is 11 agus 12 cás in aghaidh gach 1000 oibrí a bhí i ráta na ndíobhála is cúis le 4 lá + a chailleadh ón obair le ceithre bliana anuas.

De réir mheastacháin an CSO tá méadú ag teacht ar ráta na mbreoiteachtaí a bhaineann le hobair. Tháinig méadú ar an ráta breoiteachta is cúis le 4 lá + a chailleadh ón obair ó 10 cás in aghaidh gach 1000 oibrí i 2003 go dtí 13 cás in aghaidh gach 1000 oibrí i 2006. Cuireann sonraí ón CSO in iúl freisin go gcuireann breoiteacht seachas díobháil níos mó laethanta neamhláithreachta faoi deara ón obair.

Bhí an treocht aníos maidir le líon na laethanta a chailltear mar gheall ar dhíobháil agus bhreoiteacht a bhaineann le hobair fós le sonrú: Cailleadh os cionn 1.7 milliún lá i 2006 i gcomparáid le 1.5 milliún lá i 2005.

Ní mór a bheith cúramach agus ciall á baint as an miondealú ar mheastacháin gortaithe agus bhreoiteachta thar earnálacha eacnamaíocha, catagóirí aoise agus inscne toisc go bhféadfadh rátaí a bheith bunaithe ar chomhairimh chille bige. Ní chuireann na staitisticí thíos figiúirí críochnaitheacha in iúl mar sin, ach treochtaí ginearálta agus oird mhéadaíochta.

Léiríonn an chomparáid ó thaobh rátaí gortaithe 4 lá + thar earnálacha eacnamaíocha go bhfuil rátaí arda ag earnálacha na Tógála agus na Sláinte agus Oibre Sóisialta fós. Tá treocht anuas, áfach, maidir leis an ráta gortaithe 4 lá + i dTógáil, a bhfuil laghdú ag teacht air ó 2003 i leith.

Léiríonn an chomparáid thar earnálacha eacnamaíocha do bhreoiteachtaí is cúis le 4 lá + caillte gur chosúil le 2005, ba ag earnáil na Talmhaíochta/lascaireachta a bhí an ráta breoiteachta ab airde. Bhí rátaí breoiteachta ard freisin san earnáil Riaracháin Phoiblí agus Cosanta agus san earnáil Sláinte agus Oibre Sóisialta.

Tá sé fós ag dul ar aghaidh go bhfuil rátaí gortaithe agus breoiteachta níos airde ag oibrithe fear ná ag oibrithe ban. Tháinig laghdú beag ar ráta gortaithe na mban ó 2002 i leith fad agus a tháinig méadú ar rátaí gortaithe na bhfear sa tréimhse chéanna. Tá méadú tar éis teacht ar rátaí breoiteachta na mban agus na bhfear araon ó 2002 i leith.

Ó thaobh na ngortaithe a tuairiscíodh don Údarás i 2007, bhain 14% díobh le hoibrithe neamh-Éireannacha. Cuireann figiúirí nua ón CSO in iúl go seasann oibrithe neamh-Éireannacha do 15% de lucht oibre na hÉireann anois.

Léiríonn sonraí Eurostat (Gníomhaireacht Staitistiúil an Choimisiúin Eorpaigh) do 2005 go raibh ráta na ngortaithe neamh-mharfacha in Éirinn faoi mheán an AE15 (thart ar 1000 gortú in aghaidh gach 100,000 oibrí Éireannach i gcomparáid le thart ar 3000 gortú in aghaidh gach 100,000 oibrí AE15). Bá é ráta gortaithe neamh-mharfacha na hÉireann an dara ratá ba lú san AE15 i 2005.



Achoimre ar shonraí gortaithe marfacha

Ba é líon na mbásanna a bhain le hobair i 2007 ná 67 (ina measc básanna 59 oibrí), i gcomparáid le 51 bás i 2006. Bhí an líon básanna ab airde ag earnáil na Tógála (18 bás i gcomparáid le 13 bás i 2006), agus bhí lascaireacht (12 bás i gcomparáid le 2 bás i 2006) agus ansin Talmhaíocht (11 bás i gcomparáid le 18 bás i 2006) ina diaidh.

Ba é an ráta báis foriomlán d'oibrithe i 2007 ná 2.8 bás in aghaidh gach 100,000 oibrí. Sheas sé seo do mhéadú de 2.2 in aghaidh gach 100,000 oibrí ar ráta 2006. Fanann ráta 2007 ar aon dul leis an treocht anuas foriomlán sa ráta báis ó 2002 i leith, áfach.

Bhí an ráta báis ab airde ag comhearnáil na Talmhaíochta/lascaireachta i 2007 (17.7 in aghaidh gach 100,000 oibrí). Fiú má fhágtar básanna lascaireachta as an áireamh tá an ráta báis is airde fós ag earnáil na Talmhaíochta ag 8.3 bás in aghaidh gach 100,000 oibrí. Toisc go raibh básanna iascaireachta rí-ard i 2007, is é an ráta báis in earnáil na hiascaireachta ná 120 bás in aghaidh gach 100,000 oibrí (bunaithe ar phobal oibre measta de 10,000).

Mhéadaigh an ráta báis in earnáil na Tógála go dtí 5 bás in aghaidh gach 100,000 oibrí i 2007, i gcomparáid le ráta de 4.3 i 2006. Léiríonn an ráta báis in earnáil na Tógála laghdú foriomlán ó 2002, áfach.

Ó thaobh básanna na 59 oibrí i 2007, oibrithe neamh-Éireannacha ba ea 8 díobh – 5 in earnáil na hiascaireachta, 2 in earnáil na Déantúsaíochta agus duine amháin san earnáil lompair, Stórála agus Cumarsáide. Bhí na rátaí báis d'oibrithe Éireannacha agus oibrithe neamh-Éireannacha cosúil le chéile i 2007 (2.4 bás in aghaidh gach 100,000 oibrí neamh-Éireannach agus 2.8 bás in aghaidh gach 100,000 oibrí Éireannach).

Léiríonn sonraí ó Eurostat do 2005 go raibh ráta báis na hÉireann ní b'airde ná an meánráta don AE15 (thart ar 3 bás in aghaidh gach 100,000 oibrí Éireannach i gcomparáid le thart ar 2 bás in aghaidh gach 100,000 oibrí AE15).



1.3 Foinsí Eolais

Úsáidtear raon d'fhoinsí sonraí chun Achoimre Staitisticí an Údarás a chur le chéile. Luaitear na foinsí atá le gach graf agus tábla sa tuarascáil seo. Tá siad le fáil idir lúibíní i ndiaidh an teidil.

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA)

Tá dualgas dlíthiúil ar fhostóirí teagmhais a thuairisciú don Údarás nuair a chuireann gortaithe oibrithe faoi deara a bheith breis agus ceithre lá as láthair (4 + lá) ón obair. Is féidir gortaithe a thuairisciú don Údarás ar an teiléafón, i bhfoirm facs, tríd an bpost nó ar líne (trí shuíomh Gréasáin an HSA).

Ma chuirtear bunachar sonraí an Údarás de dhíobhálacha a bhaineann le hobair i gcomparáid le meastacháin CSO tugtar le tuiscint go bhfuil fadhb i roinnt earnálacha maidir le teagmhais gan a bheith tuairiscithe. Mar gheall ar seo, tá rátaí gortaithe bunaithe ar shonraí ón CSO Is foinse luachmhar thábhachtach, áfach, iad na 8000 tuairisc ar dhíobháil cheirde i mbunachar sonraí an Údarás do 2007 ar shaintréithe an íospartaigh timpiste, cineál an teagmhais agus an timpeallacht oibre.

Cineann modheolaíocht Staitisticí Eorpacha um Timpistí ag an Obair (ESAW) na míreanna sonraí a bhailítear trí fhoirm thuairisce ar theagmhas (IR1) de chuid an Údarás. Is iad na réimsí riachtanacha ná:

- | | |
|--|---------------------------------|
| • Aitheantóir uathúil cáis | • Méid an fhiontair |
| • Gníomhaíocht eacnamaíoch an fhostóra | • Náisiúntacht |
| • Gairm an íospartaigh | • Stádas fostaíochta |
| • Inscne an íospartaigh | • Laethanta cailte |
| • Cineál gortaithe | • Timpeallacht oibre |
| • An ball coirp a gortaíodh | • Diallas/tobthruig thimpiste |
| • Suíomh geografach | • Gníomhaí ábhartha an diallais |
| • Dáta na timpiste | • Teagmháil – modh gortaithe |
| • Am na timpiste | |

Tá an tÚdarás freagrach as an mbunachar sonraí oifigiúil de bhásanna san ionad oibre a chothabháil agus úsáidtear an bunachar sonraí seo chun an ráta báis oibrithe bliantúil a áireamh. Bailítear na réimsí sonraí céanna do dhíobhálacha marfacha.

Léiríonn Tábla 1.2 líon agus céatadán na dtuairiscí ar thimpistí ó gach earnáil eacnamaíoch i 2007. Tá difear idir na léibhéil tuairiscithe thar na hearnálacha éagsúla – idir 10 tuairisc ar thimpistí ó earnáil na hlascaireachta agus 1660 tuairisc ó earnáil na Tógála. Cuimsíonn earnálacha na Tógála agus na Déantúsaíochta thart ar 20% de na tuairiscí ar fad gach bliain.



Fíor 1.2 Gortaithe a thuairiscigh an earnáil eacnamaíoch don HSA 2007 (HSA)

2007		
EARNÁIL EACNAMAÍOCH	Líon Tuairiscí	% Tuairiscí
Talmhaíocht, sealgaireacht, foraoiseacht	100	1.3
Iascaireacht	10	0.1
Mianadóireacht agus cairéalú	71	0.9
Déantúsaíocht	1609	20.6
Leictreachas, gás, soláthar uisce	27	0.3
Tógáil	1660	21.2
Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola	778	9.9
Óstáin agus bialanna	125	1.6
Iompar, stóráil agus cumarsáid	987	12.6
Idirghabháil airgeadais	156	2.0
Gníomhaíochtaí eastáit réadaigh, ligin ar cíós agus gnó	238	3.0
Riarachán poiblí, cosaint, slándáil shóisialach	903	11.5
Oideachas	73	0.9
Sláinte agus obair shóisialta	877	11.2
Eile	213	2.7
Iomlán	7827	100.0

An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO)

Measann an Príomh-Oifig Staidrimh (CSO) líon na n-oibrithe a d'fhulaing díobháil nó a raibh breoiteacht orthu a bhain le hobair gach bliain. Bunaítear an meastachán seo ar an modúl Timpistí agus Breoiteachtaí sa tSuirbhéireacht Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh (QNHS), a dhéantar sa chéad ráithe de gach bliain. Is táscaire tábhachtach iad na sonraí a bhaineann leis an líon agus ráta breoiteachta agus gortaithe 4 + lá caillte mar seasann siad d'fho-thacar timpistí a bhfuil dualgas dlíthiúil ar fhóistoirí a thuairisciú.

Déanann an Phríomh-Oifig Staidrimh suirbhé ar 3,000 teaghlach gach seachtain, agus is ionann é sin agus sampla de 39,000 teaghlach san iomlán gach ráithe. Is í an tréimhse thagartha do na sonraí CSO san Achoimre Staitisticí seo ná na 12 mí roimh agallamh, agus i gcás mheastacháin 2006 tá sí bunaithe ar shuirbhé a rinneadh le linn Mhí na Nollag 2006 go dtí Mí Feabhra 2007.

Sa mhodúl Timpistí agus Breoiteachtaí, iarrann oibrithe allamuigh CSO ar dhaoine a bhfuil 15 bliain nó níos mó slánaithe acu a rá ar fhulaing siad aon díobháil le linn oibre nó aon bhreoiteacht ar chreid siad gurbh í a gcuid oibre ba chúis léi nó a chuir chun donachta le 12 mí anuas í. Tá na ceistanna ón módúl ar fáil thíos:

- Ar oibrigh tú le 12 mí anuas?
- Cá mhéad gortaithe, más ann dóibh, a tharla duit ag an obair (seachas le linn comaitéireachta) le 12 mí anuas?
- Anois, agus tú ag caitheamh súil siar ar an uair (na huaireanta) a bhí tú fostaithe le 12 mí anuas, cá mhéad lá a bhí tú as láthair ó do jab de bharr na gortaithe is deireanaí a bhí agat ag an obair?
- Roghnaigh an chatagóir ón liosta thíos, le do thoil, is fearr a dhéanann cur síos ar an díobháil is deireanaí a bhí agat ag an obair:
 1. Créacht nó díobháil dhromchlach
 2. Briseadh cnáimhe
 3. Easáitiú, leonadh nó straidhn
 4. Teascadh
 5. Comhtholghadh nó díobháil inmheánach
 6. Dó, scalladh nó dó seaca



7. Nimhiú nó ionfhabhtú
8. Múchadh (plúchadh)
9. Díobháil de chineál eile
10. Níl bainteach

- Ar oibrigh tú riamh?
- Cá mhéad breoiteachtaí nó míchumais, más ann dóibh, a bhí ort le 12 mí anuas, a chreideann tú gurbh í do chuid oibre (atá idir lámha agat faoi láthair nó a rinne tú san am atá thart) ba chúis leo nó a chuir chun donachta iad?
- Anois, agus tú ag caitheamh súil siar ar an uair (na huairanta) a bhí tú fostaithe le 12 mhí anuas, cá mhéad lá a bhí tú as láthair ó do jab de bharr na breoiteachta is deireanaí a bhí ort agus a bhain le do chuid oibre?
- Céard í an bhreoiteacht is déanaí a bhí ort a bhain le do chuid oibre?
 1. Fadhb chnáimhe, ailt nó matáin
 2. Fadhb anáilaithe nó scamhóg
 3. Fadhb chnis;
 4. Fadhb éisteachta;
 5. Strus, dúlagar nó imní
 6. Tinneas cinn agus/nó tuirse shúl;
 7. Galar nó taom croí, nó fadhb eile sa chóras imshruthaithe
 8. Galar (víreas, baictéir, ailse nó galar de chineál eile)
 9. Tinneas de chineál eile
 10. Níl bainteach

Rinneadh athruithe ar na modhanna suirbhéireachta i ndiaidh 1998, agus mar sin ní féidir torthaí gach suirbhé QNHS a chur i gcomparáid go díreach lena chéile. Is féidir, áfach, an suirbhé a rinneadh sa chéad ráithe (Q1) de 2007 a chur i gcomparáid leis na suirbhéanna a rinneadh ó 2003 go 2006.

Toisc gur suirbhé samplach atá sa QNHS a bhfuil féintuairisciú timpistí agus breotachtaí a bhaineann le hobair mar chuid de, tá na torthaí faoi réir samplála agus earráidí suirbhé eile. Go sonrach, is féidir glacadh leis nach bhfuil meastacháin agus athruithe thar am de mhéadaíocht níos ísle chomh beacht.

Tá roinnt mionleasuithe do na ceistanna seo pleanáilte ag an CSO do 2008 chun cruinneas na sonraí a bhailítear a fheabhsú. Foilseoidh an CSO torthaí timpistí agus breoiteachtaí bunaithe ar an QNHS le linn 2008 freisin.

Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (DSFA)

Tá sonraí a sholáthraíonn an rannán Sochar Gortaithe Ceirde (OIB) den Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (DSFA) bunaithe ar éilimh a rinne árachaithe a gortaíodh agus iad i mbun a gcuid oibre. Caithfidh an díobháil maireachtáil ar feadh ceithre lá ar a laghad agus caithfear teastas dochtúra agus foirm éilimh a chur isteach laistigh de 21 lá ó am na díobhála.

Is iondúil go mbíonn líon na n-éileamh níos lú ná líon na ngortaithe a bhaineann le hobair toisc nach bhfuil árachas sóisialta ag gach oibrí agus nach ndéantar éileamh mar gheall ar gach gortú. Tá níos lú gortaithe ceirde i dtacar sonraí an OIB ná i gceann an QNHS, ach is féidir leas a bhaint as na figiúirí chun treochtaí a mheas toisc nár tháinig aon athrú ar na critéir i gcomhair íocaíochtaí sochair le himeacht ama.



1.4 Nótaí Teicniúla

Aicmiú gortaithe

Baineann an tÚdarás úsáid as aicmiú caighdeánach idirnáisiúnta dá bhunachar sonraí teagmhais agus dá staitisticí:

- **Gníomhaíocht eacnamaíoch: NACE** (Nomenclature statistique des activités économiques dans la Communauté européenne: Aicmiú Staidrimh Gníomhaíochtaí Eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach), cothaithe ag Eurostat (Gníomhaireacht Staitistiúil an Choimisiúin Eorpaigh).

Rinneadh leasú ar an gcóras aicmiúcháin NACE agus tá NACE Rev.2 ag feidhmiú ón 1 Eanáir 2008. Is féidir an aicmiú leasaithe iomlán a íoslódáil saor in aisce ó shuíomh Gréasáin Eurostat:
<http://circa.europa.eu/irc/dsis/nacepacon/info/data/en/index.htm>
- **Gairm: ISCO** (Aicmiú Caighdeánach Idirnáisiúnta na nGairmeacha), arna chothú ag ILO (Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair).

Is féidir na cóid ISCO a íoslódáil ó shuíomh Gréasáin Eurostat:
http://europa.eu.int/comm/eurostat/ramon/index.cfm?TargetUrl=DSP_PUB_WELC
- **Staitisticí Eorpacha ar Thimpistí ag an Obair (ESAW)** – athróga, sainmhínithe agus aicmiú a bhaineann leis an íospartach, an teagmhas agus le cúinsí an teagmhais, arna chothú ag Eurostat.

Is féidir an mhodheolaíocht ESAW a íoslódáil ó shuíomh Gréasáin Eurostat:
http://europa.eu.int/comm/employment_social/publications/2002/ke4202569_en.htm

Áireamh na rátaí gortaithe agus báis

Déantar na rátaí gortaithe agus breoiteachta a áireamh in aghaidh gach 1000 oibrí.

Déantar na rátaí báis a áireamh in aghaidh gach 100,000 oibrí.

Foláirimh faoi Rioscaí

- Tá boscaí le Foláireamh faoi Riosca ag deireadh gach cuid den tuarascáil. Is é an fheidhm atá acu ná béim a leagan ar thorthaí nó threochtaí suntasacha a thagann chun cinn ó na sonraí.

2. Staitisticí faoi Ghortaithe & Bhreoiteachtaí Neamh-Mharfacha

2.1 Staitisticí Ginearálta Gortaithe agus Breoiteachta

Léiríonn an chuid seo den Achoimre meastacháin CSO ar ghortaithe agus bhreoiteachtaí a bhaineann le hobair, bunaithe ar an módúl Timpiste agus Breoiteachta sa tSuirbhéireacht Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh (QNHS) sa chéad ráithe (Q1) de 2007. Toisc gur suirbhé samplach atá sa QNHS a bhfuil féintuairisciú gortaithe agus breoiteachtaí a bhaineann le hobair mar chuid de, tá na torthaí faoi réir samplála agus earráidí suirbhé eile. Ní mór a bheith cúramach agus ciall á baint as an miondealú ar na meastacháin gortaithe agus bhreoiteachta thar chatagóirí eamálacha eacnamaíocha, inscne, aoise agus réigiúin toisc gur féidir glacadh leis nach mbeidh rátaí atá bunaithe ar chomhairimh chille bige chomh beacht.

Cuirtear sonraí ó fhoinsí eile i láthair nuair atá fáil orthu, lena n-áirítear sonraí ó bhunachar sonraí an HSA de ghortaithe tuairiscithe, bunachar sonraí éileamh OIB agus Eurostat.

Tugann figiúirí 2.1 agus 2.2 an comhthéacs do na treochtaí gortaithe agus breoiteachta – léiríonn siad líon na n-oibrithe i ngach eamál eacnamaíoch ó 2001 go 2007. Mhéadaigh líon iomlán na ndaoine i bhfostaíocht go dtí 2.1 milliún i 2007, a sheasann do mhéadú 72,800 ó 2006 i leith. Bhí an lucht oibre ba mhó ag eamáil na Trádála Mórdhíola agus Miondhíola i 2007 (os cionn 310,000 oibrí), agus ina diaidh sin ag eamáil na Seirbhísí Airgeadais agus Gnó agus na dTionscal Táirgthe.

Tháinig an méadú ba mhó ó 2006 i leith ar eamáil na Trádála Mórdhíola agus Miondhíola, le 23,300 oibrí breise. Tháinig méadú suntasach ar líon an lucht oibre in eamálacha na Seirbhísí Airgeadais agus Gnó agus na n-Óstán agus Bialann chomh maith. Tháinig laghdú ar líon na n-oibrithe in eamáil na Tógála (-2600 oibrí) agus sna Tionscail Táirgthe (-1400 workers) ó 2006 i leith.


Fíor 2.1: Líon na ndaoine fostaithe i ngach eamáil eacnamaíoch 2001-2007* (CSO)

Líon fostaithe							
Eamáil Eacnamaíoch	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007
A-B Talmhaíocht, Foraoiseacht, Iascaireacht	121700	114300	118900	112500	115500	115800	118700
C-E Tionscail Táirgthe Eile	310400	303200	297400	297300	285000	292100	290700
F Tógáil	183200	188500	202300	233100	253800	281600	279000
G Trádáil mhórdhíola agus mhiondhíola	249100	252300	263400	267600	286100	288300	311600
H Óstáin agus bialanna	108700	110500	113100	112300	113100	116600	132300
I Iompar, stóráil, cumarsáid	108900	110900	113400	115700	120500	117200	120800
J - K Seirbhísí Airgeadais agus Gnó	226400	226600	234400	252900	269200	278000	297100
L Riarachán Poiblí agus cosaint; slándáil shóisialach	82000	88600	89900	96400	103100	105100	105000
M Oideachas	106600	115000	119400	119800	132800	139600	139100
N Sláinte agus obair shóisialta	153400	165700	177200	185500	196300	210200	221300
O Eile	94900	96300	106400	115400	122800	121600	123300
Iomlán	1745500	1772000	1835900	1908300	1998100	2066100	2138900

* Sonraí bunaithe ar CSO Statistical Release, 8 Márta 2008.

Nóta: Tá na heamálacha A-B, C-E agus J-K comhcheangailte i gcuid de na figiúirí toisc go bhfuil meastacháin ar an bpobal oibre sna heamálacha seo comhcheangailte ag an CSO.

Fíor 2.2: Líon na ndaoine fostaithe i ngach earnáil eacnamaíoch 2001-2007 (CSO)



Eochairmhír na nEarnálacha

A – Talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht, **B** – Iascaireacht, **C** – Mianadóireacht agus Cairéalú, **D** – Déantúsaíocht, **E** – Leictreachas/gáis/uisce, **F** – Tógáil, **G** – Trádáil Mhórdhíola/Mhiondíola; deisiú feithiclí, agus earraí pearsanta agus tí, **H** – Óstáin/bialanna, **I** – Transport, Storage, Communication, **J** – Idirghabháil Airgeadais, **K** – Eastát Réadach, Ligeán ar Cíos, Gnó, **L** – Riarachán poiblí/Cosaint, **M** – Oideachas, **N** – Sláinte/Obair Shóisialta, **O** – Seirbhísí Pobail/Sóisialta/Pearsanta

Soláthraíonn Fíor 2.3 achoimre ardleibhéil ar mheastacháin CSO de dhíobhálacha agus bhreiteachtaí a bhaineann le hobair ó 2001 go 2006, i dteannta le heolas ar líon na laethanta a cailleadh ón obair mar gheall ar dhíobhálacha agus bhreiteachtaí.


Léiríonn Fíor 2.4 go bhfuil an ráta gortaithe 4 lá + an-chomhsheasmhach ó 2003 i leith agus go bhfuil treocht aníos chomhleanúnach sa ráta breiteachta thar an tréimhse chéanna.

Measann an CSO gurbh é líon na laethanta a cailleadh mar gheall ar dhíobhálacha agus bhreiteachtaí ceirde i 2006 ná 1.7 milliún (1.5 milliún i 2005). Cailleadh níos mó laethanta mar gheall ar bheiteachtaí a bhain le hobair ná mar gheall ar dhíobhálacha a bhain le hobair: Cailleadh 973,000 lá mar gheall ar bheiteachtaí i gcomparáid le 758,600 lá a cailleadh mar gheall ar dhíobhálacha. Molann an Phríomh-Oifig Staidrimh go mbeifí cúramach ag plé le sonraí faoi na 'laethanta cailte' seo toisc go mb'fhéidir gur bhreac na freagróirí síos na laethanta a d'fhéadfaidís a chailliúint.


Fíor 2.3: Líon agus ráta na ndaoine a d'fhuair díobháil agus a raibh breoiteacht orthu 2001-2006 (CSO)

	2001		2002		2003		2004		2005		2006	
	Líon	Ráta in aghaidh gach 1000	Líon	Ráta in aghaidh gach 1000	Líon	Ráta in aghaidh gach 1000	Líon	Ráta in aghaidh gach 1000	Líon	Ráta in aghaidh gach 1000	Líon	Ráta in aghaidh gach 1000
Iomlán Fostaithe	1745500		1783600		1835900		1908300		1998100		2074900	
Gortú												
Iomlán Gortaithe	51800	29.7	48400	27.1	56000	30.5	53100	27.8	57800	28.9	58200	28.0
0 lá n.láithreach	16400	9.4	15400	8.6	21700	11.8	20000	10.5	20100	10.1	22000	10.6
1-3 lá n.láithreach	9300	5.3	8200	4.6	12000	6.5	11100	5.8	13700	6.9	12100	5.8
4 lá + n.láithreach	26200	15.0	24800	13.9	22400	12.2	21600	11.3	23900	12.0	24100	11.6
Lá caillte le gortú		919400		762800.0		579500		723700		758600		
Breoiteacht												
Iomlán breoite	33000	18.9	45500	25.5	48000	26.1	58700	30.8	63900	32.0	71300	34.4
0 lá n.láithreach	15600	8.9	16000	9.0	21300	11.6	28000	14.7	31800	15.9	34100	16.4
1-3 lá n.láithreach	2400	1.4	5700	3.2	8200	4.5	11100	5.8	9200	4.6	9400	4.5
4 lá + n.láithreach	15000	8.6	23900	13.4	18500	10.1	19600	10.3	22900	11.5	27900	13.4
Lá caillte le breoit.		862700		570300		822300		824300		973000		
Gortú & Breoit.												
Iom. Gortú / Breoit.	84800	48.6	93900	52.6	103900	56.6	111700	58.5	121800	61.0	129500	62.4
Iom. 4 lá + n.láith.	41200	23.6	48700	27.3	40900	22.3	41200	21.6	46800	23.4	52000	25.1
Iom. Lá Caillte	1441000		1782100		1333100		1401800		1548000		1731600	

Foinse CSO, QNHS: Tá meastacháin QNHS faoi réir samplála agus earráidí suirbhé eile. Is féidir glacadh leis nach bhfuil meastacháin agus athruithe thar am de mhéadaíocht níos ísle chomh beacht agus ní mór a bheith cúramach agus ciall á baint astu.

Fíor 2.4: Ráta gortaithe agus breoiteachta is cúis le 4 lá + caillte 2003-2006 (CSO)


Foinse CSO, QNHS: Tá meastacháin QNHS faoi réir samplála agus earráidí suirbhé eile. Is féidir glacadh leis nach bhfuil meastacháin agus athruithe thar am de mhéadaíocht níos ísle chomh beacht agus ní mór a bheith cúramach agus ciall á baint astu.

Léiríonn Fíoracha 2.5, 2.6 agus 2.7 meastacháin gortaithe an CSO de réir earnála eacnamaíche. I 2006 bhí an ráta díobhála 4 lá + ab airde ag an earnáil lompar, Stórála agus Cumarsáide, agus bhí earnálacha na Tógála, agus na Sláinte agus Oibre Sóisialta ina diaidh (féach Fíor 2.6).

Tá laghdú ag teacht ar an ráta gortaithe 4 lá + i dTógáil ó 2003 i leith de réir figiúirí an CSO agus agus chuaigh an treocht seo ar aghaidh leis an laghdú ó 22.5 gortú i 2005 go dtí 20.2 gortú i 2006 in aghaidh gach 1000 oibrí in earnáil na Tógála (féach Fíor 2.7).



Fíor 2.5: Líon agus ráta na ngortaithe ar fad de réir earnála eacnamaíche 2003-2006 (CSO)


EARNÁIL EACNAMAÍOCH	Líon gortaithe 2003	Ráta in aghaidh gach 1000 2003	Líon gortaithe 2004	Ráta in aghaidh gach 1000 2004	Líon gortaithe 2005	Ráta in aghaidh gach 1000 2005	Líon gortaithe 2006	Ráta in aghaidh gach 1000 2006
Talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht/lascaireacht	4500	37.8	5400	48.0	6900	59.7	4200	36.1
Mianadóireacht agus Cairéalú/Déantúsaíocht/Leictreachas,	10900	36.7	6500	21.9	8600	30.2	8600	29.6
Tógáil	11700	57.8	11000	47.2	10400	41.0	13800	48.9
Trádáil mhiondíola & mhórdíola; deisiú earraí	5600	21.3	5800	21.7	7000	24.5	3800	13.0
Óstáin agus bialanna	3800	33.6	4600	41.0	4300	38.0	3800	31.6
Iompar, stóráil agus cumarsáid	3100	27.3	4000	34.6	2700	22.4	4700	38.1
Idirghabháil airgeadais/Eastát réadach, ligean ar cíós, gnó	3500	14.9	3000	11.9	1900	7.1	2300	8.4
Riarachán Poiblí; Cosaint	2700	30.0	2900	30.1	3800	36.9	2800	26.5
Oideachas	1900	15.9	1900	15.9	2300	17.3	1400	9.9
Sláinte agus obair shóisialta	6000	33.9	5200	28.0	5500	28.0	10000	47.1
Seirbhísí pobail, sóisialta agus pearsanta eile	2400	22.6	2600	22.5	4400	35.8	3000	25.3
Iomlán	56100	30.6	52900	27.7	57800	28.9	58400	28.1

Foinse CSO, QNHS: Tá meastacháin QNHS faoi réir samplála agus earráidí suirbhé eile. Is féidir glacadh leis nach bhfuil meastacháin agus athruithe thar am de mhéadaíocht níos ísle chomh beacht agus ní mór a bheith cúramach agus ciall á baint astu.

Fíor 2.6: Líon agus ráta gortaithe 4 lá + de réir earnála eacnamaíche 2003-2006 (CSO)

EARNÁIL EACNAMAÍOCH	Líon gortaithe 2003	Ráta in aghaidh gach 1000 2003	Líon gortaithe 2004	Ráta in aghaidh gach 1000 2004	Líon gortaithe 2005	Ráta in aghaidh gach 1000 2005	Líon gortaithe 2006	Ráta in aghaidh gach 1000 2006
Talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht/lascaireacht	1500	12.6	2100	18.7	1900	16.5	1100	9.5
Mianadóireacht cairéalú/Déantúsaíocht/Leictreachas, gás, uisce	5600	18.8	3200	10.8	4500	15.8	4700	16.2
Tógáil	5400	26.7	5300	22.7	5700	22.5	5700	20.2
Trádáil mhiondíola & mhórdíola; deisiú earraí	2700	10.3	2100	7.8	2300	8.0	1200	4.1
Óstáin agus bialanna	1200	10.6	700	6.2	1800	15.9	400	3.3
Iompar, stóráil agus cumarsáid	1300	11.5	2200	19.0	1000	8.3	3700	30.0
Idirghabháil airgeadais/Eastát réadach, ligean ar cíós, gnó	600	2.6	800	3.2	600	2.2	200	0.7
Riarachán poiblí; Cosaint	1300	14.5	1300	13.5	1900	18.4	1600	15.2
Oideachas	500	4.2	400	3.3	600	4.5	300	2.1
Sláinte agus obair shóisialta	1900	10.7	2900	15.6	2700	13.8	3900	18.4
Seirbhísí pobail, sóisialta agus pearsanta eile	400	3.8	600	5.2	1000	8.1	1300	11.0
Iomlán	22400	12.2	21600	11.3	23900	12.0	24100	11.6

Foinse CSO, QNHS: Tá meastacháin QNHS faoi réir samplála agus earráidí suirbhé eile. Is féidir glacadh leis nach bhfuil meastacháin agus athruithe thar am de mhéadaíocht níos ísle chomh beacht agus ní mór a bheith cúramach agus ciall á baint astu.

**Fíor 2.7: Ráta gortaithe 4 lá + i dTógáil i gcomparáid le gach earnáil eile 2002-2006 (CSO)**

Foinse CSO, QNHS: Tá meastacháin QNHS faoi réir samplála agus earráidí suirbhé eile. Is féidir glacadh leis nach bhfuil meastacháin agus athruithe thar am de mhéadaíocht níos ísle chomh beacht agus ní mór a bheith cúramach agus ciall á baint astu.

Léiríonn Figiúirí 2.8 agus 2.9 meastacháin CSO ar na breoiteachtaí ar fad agus breoiteachtaí 4 lá + le haghaidh gach earnála eacnamaíche i 2006. Léiríonn na figiúirí gur tháinig méadú seasmhach ar ráta foriomlán na mbreoiteachtaí agus ráta na mbreoiteachtaí 4 lá + ó 2003 go dtí 2006.

I 2006 ba é an ráta ab airde do 4 lá + caillte de bharr breoiteachta a taifeadadh ná an ráta in earnáil na Talmhaíochta/lascaireachta (25.8 breoiteacht in aghaidh gach 1000 oibrí), agus tháinig rátaí earnálacha an Riaracháin Phoiblí agus Cosanta (21.8), na Sláinte agus Oibre Sóisialta (20.7) agus an Oideachais (20.4) ina dhiaidh. Tá ardú tar éis teacht ar na rátaí sna hearnálacha seo ó 2005 i leith.

Fíor 2.8: Líon agus ráta na mbreoiteachtaí ar fad de réir earnála eacnamaíche 2003-2006 (CSO)

EARNÁIL EACNAMAÍOCH	Líon Breoiteachtaí 2003	Ráta in aghaidh gach 1000 2003	Líon Breoiteachtaí 2004	Ráta in aghaidh gach 1000 2004	Líon Breoiteachtaí 2005	Ráta in aghaidh gach 1000 2005	Líon Breoiteachtaí 2006	Ráta in aghaidh gach 1000 2006
Talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht/lascaireacht	5100	42.9	7000	62.2	7600	65.8	8600	73.9
Mianadóireacht agus cairéalú/Déantúsáíocht/Leictreachas, gás, uisce	6500	21.9	7700	25.9	7300	25.6	8900	30.6
Tógáil	6600	32.6	7200	30.9	7500	29.6	9100	32.3
Trádáil mhiondiola & mhórdhiola; deisiú earraí	3800	14.4	5400	20.2	7200	25.2	4500	15.4
Óstáin agus bialanna	2300	20.3	1900	16.9	2000	17.7	1400	11.7
Iompar, stóráil agus cumarsáid	3800	33.5	5500	47.5	5500	45.6	3100	25.1
Idirghabháil airgeadais/Eastát réadach, ligean ar cíos, gnó	5400	23.0	5600	22.1	7200	26.7	7800	28.6
Riarachán poiblí; Cosaint	2700	30.0	2800	29.0	3800	36.9	4700	44.5
Oideachas	3000	25.1	4000	33.4	6000	45.2	7700	54.2
Sláinte agus obair shóisialta	5200	29.3	9500	51.2	7600	38.7	12800	60.3
Seirbhísí pobail, sóisialta agus pearsanta eile	3700	34.8	2100	18.2	2300	18.7	2800	23.6
Iomlán	48100	26.2	58700	30.8	63900	32.0	71400	34.4

Foinse CSO, QNHS: Tá meastacháin QNHS faoi réir samplála agus earráidí suirbhé eile. Is féidir glacadh leis nach bhfuil meastacháin agus athruithe thar am de mhéadaíocht níos ísle chomh beacht agus ní mór a bheith cúramach agus ciall á baint astu.



Fíor 2.9: Líon agus ráta breoiteachtaí 4 lá + de réir earnaí eacnamaíche 2003-2006 (CSO)

EARNÁIL EACNAMAÍOCH	Líon Breoiteachtaí 2003	Ráta in aghaidh gach 1000 2003	Líon Breoiteachtaí 2004	Ráta in aghaidh gach 1000 2004	Líon Breoiteachtaí 2005	Ráta in aghaidh gach 1000 2005	Líon Breoiteachtaí 2006	Ráta in aghaidh gach 1000 2006
Talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht/lascaireacht	1400	11.8	1500	13.3	2400	20.8	3000	25.8
Mianadóireacht agus cairéalú / Déantúsaíocht / Leictreachas, gás, uisce	3400	11.4	3400	11.4	1700	6.0	3200	11.0
Tógáil	2700	13.3	1900	8.2	3800	15.0	4600	16.3
Trádáil mhiondiola & mhórdiola; deisiú earraí	2200	8.4	900	3.4	3100	10.8	2100	7.2
Óstáin agus bialanna	600	5.3	900	8.0	1200	10.6	600	5.0
Iompar, stóráil agus cumarsáid	1300	11.5	2600	22.5	2200	18.3	700	5.7
Idirghabháil airgeadais / Eastát réadach, lígean ar cíos, gnó	1500	6.4	1800	7.1	2300	8.5	3400	12.5
Riarachán Poiblí/Cosaint	1100	12.2	1100	11.4	1200	11.6	2300	21.8
Oideachas	1100	9.2	1000	8.3	1700	12.8	2900	20.4
Sláinte agus obair shóisialta	2000	11.3	4000	21.6	2800	14.3	4400	20.7
Seirbhísí pobail, sóisialta agus pearsanta eile	1200	11.3	400	3.5	600	4.9	700	5.9
Iomlán	18500	10.1	19500	10.2	22900	11.5	27900	13.4

Foinse CSO, QNHS: Tá meastacháin QNHS faoi réir samplála agus earráidí suirbhé eile. Is féidir glacadh leis nach bhfuil meastacháin agus athruithe thar am a bhfuil méadaíocht níos ísle acu chomh beacht agus ní mór a bheith cúramach agus ciall á baint astu.

Soláthraíonn foinsí sonraí eile léargas níos forleithne maidir le treochtaí sna sonraí CSO. Mar shampla, ghlac an rannán Sochar Gortaithe Ceirde (OIB) den Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh le 13,803 éileamh i 2007 (féach Fíor 2.10). Is le gortaithe amháin is cúis le 4 lá + neamhláithreachta ón obair a bhaineann na figiúirí seo agus is féidir iad a chur i gcomparáid le líon na ngortaithe a tuairiscíodh don Údarás (thart ar 7500 gortú) agus le meastacháin CSO ar ghortaithe is cúis le 4 lá + neamhláithreachta (thart ar 24,100 gortú). is dócha go bhfuil líon na n-éileamh OIB a fhaightear agus a nglactar leo níos lú ná líon iomlán na ngortaithe a bhaineann le hobair toisc nach bhfuil gach dream sa phobal oibre incháilithe éileamh a dhéanamh (e.g. daoine féinfhostaithe agus fostaithe sa tseirbhís phoiblí) agus ní dhéantar éileamh de bharr gach gortú.

Rinneadh mionscrúdú ar líon agus ráta éilimh OIB in eagrán Eanáir/Feabhra den Health agus Safety Review (2008). Tá sé ráite san alt gur glacadh le níos mó éileamh ná riamh i 2007 agus go raibh méadú ag teacht ar ráta na n-éileamh OIB in aghaidh gach 100,000 oibrí – 658 éileamh in aghaidh gach 100,000 oibrí i gcomparáid le 610 i 2006 agus 580 i 2005.


Cailleadh breis agus 500,000 lá ón obair i 2007 mar gheall ar na díobhálacha ceirde a raibh éilimh OIB mar thoradh orthu. Agus meán de 36 lá caillte in aghaidh an éilimh (nó os cionn mí as láthair ón obair), bhí tionchar suntasach ag roinnt de na díobhálacha seo ar an duine aonair agus ar an eagraíocht.


Fíor 2.10: Líon na n-éileamh OIB a ceadaíodh 1992–2007 (DSFA)

Bliain	Éilimh ar glacadh leo	Laethanta caillte*	Meán na laethanta a cailleadh in aghaidh an éilimh
1992	13100		
1993	11700		
1994	10300		
1995	9911		
1996	10293		
1997	11169		
1998	11686		
1999	11311		
2000	11995		
2001	12050		
2002	12280		
2003	11096		
2004	11705		
2005	11759		
2006	12416		
2007	13803	502178	36

* Tagraíonn laethanta caillte do laethanta oibre agus ní chuimsíonn siad an Domhnach nach n-íoctar OIB ina leith.

Is féidir eolas ar rátaí gortaithe marfacha a bhaineann le hobair i gcomhthéacs níos leithne na hEorpa a fháil ó Eurostat. Tá na sonraí is déanaí a chuireann rátaí gortaithe 4 lá + thar Bhallstáit an AE i gcomparáid le chéile curtha i láthair i bhFíor 2.11. Cosúil le 2004, bhí ráta gortaithe neamh-mharfacha na hÉireann i bhfad ní b'íse ná meán an AE15 i 2005 – ní raibh ráta gortaithe neamh-mharfacha ní b'íse ag tír ar bith eile ach amháin an tSualainn. Ba é meán an AE15 ná díreach os cionn 3000 gortú neamh-mharfach in aghaidh gach 100,000 oibrí, fad agus a bhí ráta na hÉireann díreach os cionn 1000 gortú in aghaidh gach 100,000 oibrí.

Fíor 2.11: Ráta gortaithe 4 lá + san AE 2005 (Eurostat)


Foláirimh faoi Rioscaí

- **Tá ardú fós ag teacht ar an ráta breoiteachta a bhaineann le hobair**

Tá ardú seasta ag teacht ar an ráta breoiteachta is cúis le 4 lá + caillte ó 2003 i leith, de réir sonraí CSO. I dtéarmaí réadacha, léiríonn figiúirí an CSO gur tháinig méadú ar líon na mbreoiteachtaí a bhaineann le hobair is cúis le 4 lá + a chailleadh ón obair ó 18,500 cás i 2003 go dtí 27,900 cás i 2006.

Bhí an an ráta breoiteachta 4 lá + ab airde ag earnáil na Talmhaíochta/lascaireachta; is amhlaidh a bhí sé seo i 2005 chomh maith.


Tá méaduithe tar éis teacht ar rátaí breoiteachta 4 + in earnálacha na Talmhaíochta/lascaireachta, an Riaracháin Phoiblí/Cosanta agus na Sláinte/Oibre Sóisialta ó 2005 i leith.

Léiríonn roinnt earnálacha treocht sheasmhach aníos i rátaí breoiteachta ó 2003 i leith, ina measc, earnálacha na Talmhaíochta/lascaireachta agus na Seirbhísí Airgeadais/Gnó.

- **Tá méadú ag teacht ar líon na laethanta a chailltear mar gheall ar gortaithe agus bhreoiteachtaí a bhaineann le hobair**

Tá méadú seasmhach ag teacht ar líon na laethanta a chailltear de bharr gortaithe agus breoiteachta a bhaineann le hobair ó 2003 i leith (féach Fíor 2.12). Ó 2004 i leith, cailleadh níos mó laethanta de bharr breoiteachtaí ná mar a cailleadh de bharr gortaithe.

Fíor 2.12: Líon na laethanta a cailleadh mar gheall ar ghortaithe agus bhreoiteacht a bhain le hobair 2002-2006 (CSO)





- **An treocht anuas sa ráta gortaithe in earnáil na Tógála a chothabháil**

Tháinig laghdú de réir a chéile ar an ráta gortaithe 4 + lá in earnáil na Tógála ó 2003 i leith ó 26.7 go dtí 20.2 gortú in aghaidh gach 1000 míle oibrí san earnáil.

Tá an treocht anuas le sonrú chomh maith i ráta báis earnáil na Tógála – ó 11 bás in aghaidh gach 100,000 oibrí i 2002 go dtí 5 bás in aghaidh gach 100,000 oibrí i 2007 (féach cuid 3 den Achoimre seo).

Cuireann taighde a choimisiúnaigh an tÚdarás i 2007 in iúl go bhfuil laghdú ag teacht ar ráta na dteagmhas titime ó airde in earnáil na Tógála chomh maith (féach Ábhar Speisialta 2 san Achoimre seo).

Tá athrú tapa ag teacht ar chúinsí in earnáil na Tógála, áfach. Léiríonn an laghdú ar líon an lucht oibre i 2007 tar éis blianta de bhorradh faoi fhostaíocht san earnáil seo go bhfuil meath ag teacht ar an earnáil. Tá sé tábhachtach nach gcuirfidh dúshláin sa gheilleagar dul chun cinn go dtí seo i mbaol nó nach mbeidh aird á baint d'iarreachtaí leanúnacha chun an ráta gortaithe san earnáil a laghdú.



2.2 Staitisticí faoi Íospartaigh

Tá staitisticí sa chuid seo a chuireann síos ar thréithe an duine a d'fhulaing an gortú nó a raibh an bhreiteacht air/uirthi i measc na n-athróg tá inscne, aois, gairm agus náisiúntacht an duine.

Tá líon na bhfear agus na mban atá fostaithe i ngach earnáil léirithe i bhFíor 2.13. Bhí 300,000 níos mó ban na fear sa lucht oibre i 2006. Bhí an líon ba mhó oibrithe fear fostaithe in earnálacha na Tógála agus na dTionscal Táirgthe. Bhí i bhfad ní ba mhó oibrithe ban ná oibrithe fear in earnálacha an Oideachais agus na Sláinte agus Oibre Sóisialta. Bhí thart ar an líon céanna fear agus ban ag obair in earnálacha na Trádála Mórdhíola agus Miondhíola agus na Seirbhísí Airgeadais agus Gnó.

Cé go raibh níos lú fear fostaithe in earnáil na Sláinte agus Oibre Sóisialta, bhí an ráta gortaithe d'fhir ab airde ag an earnáil seo (66.9 cás gortaithe taifeadta in aghaidh gach 1000 oibrí fir). Bhí an ratá gortaithe do mhná ab airde ag earnáil na Sláinte agus Oibre Sóisialta chomh maith (43.1 cás in aghaidh gach 1000 oibrí mná).

Nóta: Tá na hearnálacha A-B, C-E agus J-K comhcheangailte i gcuid de na figiúirí toisc go bhfuil meastacháin ar an bpobal oibre sna hearnálacha seo comhcheangailte ag an CSO.

Soláthraíonn Fíoracha 3.4 agus 3.5 sonraí breise ar líon agus ráta na mbásanna i ngach earnáil eacnamaíoch ó 2002 go dtí 2007. San iomlán, léiríonn Fíor 3.4 go raibh an líon ab airde básanna a bhain le hobair ag earnáil na Tógála – 111 bás nó 30% de na 371 bás ar fad a taifeadadh ó 2002 i leith, agus tháinig earnáil na Talmhaíochta ina diaidh sin – 94 bás nó 25% de na básanna ar fad a taifeadadh. Bhí an líon ab airde básanna ag an dá earnáil seo le linn na tréimhse sin.

Léiríonn rátaí báis na n-oibrithe (Fíor 3.5) patrún eile. Tá roinnt de na hearnálacha comhcheangailte ag an CSO agus mar sin caithfear rátaí a chomhcheangail freisin. Sa chás seo, bhí an ráta báis ab airde go seasmhach ag earnáil na Talmhaíochta/lascaireachta agus go ginearálta tá an ráta sin ag ardú ó 2002 i leith. Bhí an dara ráta báis ab airde go seasmhach ag earnáil na Tógála, ach go ginearálta tá laghdú ag teacht air ó 2002 i leith sa mhéid is go raibh an ráta báis san earnáil lompair, Stórála agus Cumarsáide ní b'airde ná é i 2007. Féach Fíor 3.6 do chur i láthair grafach de rátaí báis eacnamaíche na Talmhaíochta/lascaireachta agus na Tógála i gcomparáid leis an meánráta do gach earnáil.



Fíor 3.4: Líon básanna (idir oibrithe agus eile) de réir earnála eacnamaíche 2002-2007 (HSA)


EARNÁIL EACNAMAÍOCH	Líon básanna (oibrí agus neamhoibrí)						Iomlán san earnáil
	2002	2003	2004	2005	2006	2007	
A – Talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht	14	20	13	18	18	11	94
B – Iascaireacht	3	0	3	2	2	12	22
C – Mianadóireacht agus cairéalú	3	1	0	6	2	2	14
D – Déantúsaíocht	7	7	3	7	4	4	32
E – Leictreachas, gás, uisce	1	2	0	0	0	0	3
F – Tógáil	21	20	16	23	13	18	111
G – Trádáil mhiondíola agus mhórdíola; deisiú earraí	1	4	4	8	3	1	21
H – Óstáin agus bialanna	0	0	0	0	0	0	0
I – Iompar, stóráil agus cumarsáid	7	9	6	5	4	9	40
J – Idirghabháil airgeadais	0	0	1	0	0	0	1
K – Eastát réadach, ligean ar cíos, gnó	0	0	0	1	2	2	5
L – Riarachán poiblí agus cosaint	3	1	0	2	1	4	11
M – Oideachas	0	0	1	0	0	0	1
N – Sláinte agus obair shóisialta	0	0	1	0	1	0	2
O – Seirbhísí pobail, sóisialta agus pearsanta eile	1	4	2	2	1	4	14
Iomlán	61	68	50	74	51	67	371

Fíor 3.5: Ráta báis oibrithe de réir earnála eacnamaíche 2002-2007 (HSA)

EARNÁIL EACNAMAÍOCH	Ráta básanna Oibrithe					
	2002	2003	2004	2005	2006	2007
Talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht / Iascaireacht	12.2	13.8	13.3	14.7	15.5	17.7
Mianadóireacht agus cairéalú / Déantúsaíocht / Leictreachas, gás, uisce	2.3	3.4	1	4.2	2.1	2.1
Tógáil	11.0	8	6.6	8.3	4.3	5.0
Trádáil mhiondíola & mhórdíola; deisiú earraí	0.0	1.6	1.5	1.8	0.7	0.3
Óstáin agus bialanna	0.0	0	0	0	0.0	0.0
Iompar, stóráil agus cumarsáid	5.3	7	5.2	4.2	2.6	5.8
Idirghabháil airgeadais / Eastát réadach, ligean ar cíos, gnó	0.0	0	0.4	0.4	0.7	0.7
Riarachán Poiblí; Cosaint	3.4	1.1	0	2	1.0	3.8
Oideachas	0.0	0	0.8	0	0.0	0.0
Sláinte agus obair shóisialta	0.0	0	0.5	0	0.0	0.0
Seirbhísí pobail, sóisialta agus pearsanta eile	1.0	3.8	1.7	1.6	0.8	3.2
Iomlán	3.0	3.3	2.5	3.3	2.2	2.8




Fíor 3.6: An ráta báis iomlán i gcomórtas leis an ráta báis in earnálacha na Talmhaíochta/lascaireachta agus na Tógála 2000-2007 (HSA)



Léiríonn Fíor 3.7 an miondealú ar chéatadán na n-íospartach gortaithe marfacha a bhain le hobair de réir stádas fostaíochta i 2007. As na 59 oibrí a básadh i 2007:

- Fostaithe ab ea 42
- Bhí 16 féinfhostaithe (lena n-áirítear 10 i dTalmhaíocht/lascaireacht agus 4 i dTógáil)
- Oibrí teaghlaigh ba ea duine amháin (i dTógáil).

Fíor 3.7: Céatadán na ngortaithe marfacha de réir stádas fostaíochta 2007 (HSA)




Tá an phróifíl aoise d'íospartaigh na dteagmhais marfach i 2007 léirithe i bhFíoracha 3.8 agus 3.9. Ba sna bandaí aoise 55–59 (11 bás) agus 45–49 (9 bás) a bhí an líon ab airde d'íospartaigh theagmhais marfach. Is thar raon earnálacha atá na básanna sna bandaí aoise seo. Bhí ochtar de na híospartaigh theagmhais marfach 65 bliain d'áois nó níos sine, i gcomparáid le 13 bás sa bhanda aoise seo i 2006; bhí 6 de na 8 bás seo in earnáil na Talmhaíochta.



Fíor 3.8: Líon básanna (idir oibrithe agus eile) de réir earnaíla eacnamaíche agus banda aoise 2007 (HSA)

Aois	A	B	C	D	F	G	I	K	N	O	Iomlán
0-4	0	0	0	0	1	0	0	0	0	0	1
5-9	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
10-14	1	0	0	0	1	0	0	0	0	0	2
15-19	0	2	0	0	0	0	0	0	0	0	2
20-24	0	0	0	2	1	0	2	0	0	0	5
25-29	0	2	0	0	2	0	0	0	1	0	5
30-34	0	3	0	0	2	0	1	0	0	0	6
35-39	0	2	0	0	1	1	1	1	0	0	6
40-44	0	0	1	0	2	0	0	0	0	0	3
45-49	0	2	1	0	0	0	2	0	3	1	9
50-54	1	1	0	2	1	0	1	0	0	1	7
55-59	3	0	0	0	4	0	2	0	0	2	11
60-64	0	0	0	0	1	0	0	1	0	0	2
65+	6	0	0	0	2	0	0	0	0	0	8
Iomlán	11	12	2	4	18	1	9	2	4	4	67


Fíor 3.9: Líon básanna (idir oibrithe agus eile) de réir bandái aoise 2007 (HSA)



Baineann Fíoracha 3.10, 3.11 agus 3.12 le náisiúntacht na n-íospartach teagmhas marfach. Léiríonn Fíor 3.10 gur fhulaing iomlán de 8 oibrí neamh-Éireannach gortaithe marfacha i 2007 (5 in earnáil na hlascaireachta, 2 in earnáil na déantúsaíochta agus duine amháin san earnáil lompair, Stórála agus Cumarsáide). Léiríonn Fíor 3.11 gur oibrithe neamh-Éireannacha ba ea 14% de na híospartaigh dhíobhálacha marfacha (i gcomparáid le 17% i 2006). Tá na rátaí báis d'oibrithe Éireannacha agus neamh-Éireannacha léirithe i bhFíor 3.12. Níl aon difear suntasach idir na rátaí báis don dá ghrúpa i 2007, ach i 2005 agus 2006 léiríonn na rátaí báis go raibh oibrithe neamh-Éireannacha níos mó i mbaol ó thaobh gortú marfach a fhulaingt.

**Fíor 3.10: Líon básanna oibrithe, de réir náisiúntachta agus earnála eacnamaíche 2007 (HSA)**

EARNÁIL EACNAMAÍOCH	Éireannach	Ó thíortha eile san AE	Ó thíortha lasmuigh den AE
A – Talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht	9	0	0
B – Iascaireacht	7	4	1
C – Mianadóireacht agus cairéalú	2	0	0
D – Déantúsaíocht	2	2	0
F – Tógáil	14	0	0
G – Trádáil mhiondíola agus mhórdíola; deisiú earraí	1	0	0
I – Iompar, stóráil agus cumarsáid	6	1	0
K – Eastát réadach, ligean ar cíos, gnó	2	0	0
L – Riarachán poiblí agus cosaint	4	0	0
O – Seirbhísí pobail, sóisialta agus pearsanta eile	4	0	0
Iomlán	51	7	1

Fíor 3.11: Céatadán básanna oibrithe de réir náisiúntachta 2007 (HSA)**Fíor 3.12: Rátaí báis oibrithe de réir náisiúntachta 2005-2007 (HSA)**

	Oibrithe Éireannacha	Oibrithe nach as Éirinn dóibh	Gach Oibrí
Líon básanna oibrithe 2007	51	8	59
Pobal oibre 2007	1804200	334700	2138900
Ráta báis oibrithe 2007	2.8	2.4	2.8
Ráta báis oibrithe 2006	2.0	3.2	2.1
Ráta báis oibrithe 2005	3.0	5.6	3.3

Tá an tobthruíg thimpiste do gach teagmhas marfach i 2007 léirithe i bhFíor 3.13. Ábhar ag titim, ag intitim nó ag briseadh bá chúis leis an líon ba mhó (16) de na 67 timpiste, (bhí 6 den 16 sin in earnáil na Tógála), agus tháinig titim ó airde ina dhiadh sin (10 bás).



Fíor 3.13: Líon básanna (idir oibrithe agus eile) de réir tobthruíge timpiste 2007 (HSA)

TOBTHRÚIG THIMPISTE	A	B	C	D	F	G	I	K	L	O	Iomlán
Ábhar ag titim, ag intitim nó ag briseadh	3	0	1	0	6	1	5	0	0	0	16
Titim ó airde	2	2	1	0	3	0	1	0	0	1	10
Imeacht ó smacht: inneall	0	0	0	1	1	0	0	0	0	0	2
Imeacht ó smacht: trealamh iompair nó láimsithe eile	1	2	0	0	1	0	1	0	0	1	6
Imeacht ó smacht: cúrsaí iompair ar bhóithre	1	0	0	0	1	0	2	0	0	0	4
Imeacht ó smacht: ainmhithe	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0	1
Chuaigh an duine isteach in ionad neamhchuí	0	0	0	1	2	0	0	0	0	1	4
Sciorthaí, tuislithe agus titim ar aon leibhéal	1	0	0	0	1	0	0	1	0	0	3
Tine	0	0	0	0	0	0	0	0	2	0	2
Pléascadh	0	0	0	1	0	0	0	1	0	0	2
Eile	2	8	0	1	3	0	0	0	2	1	17
Iomlán	11	12	2	4	18	1	9	2	4	4	67

Eochairmhír na nEarnálacha

A – Talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht, **B** – Iascaireacht, **C** – Mianadóireacht agus Cairéalú, **D** – Déantúsaíocht, **E** – Leictreachas/gás/uisce, **F** – Tógáil, **G** – Trádáil Mhórdhíola/Mhiondíola; deisiú feithiclí, earraí pearsanta agus tí, **H** – Óstáin/Bialanna, **I** – Iompar, Stóráil, Cumarsáid, **J** – Idirghabháil Airgeadais, **K** – Eastát Réadach, Ligean ar Cíos, Gnó, **L** – Riarachán Poiblí/Cosaint, **M** – Oideachas, **N** – Sláinte/Obair Shóisialta, **O** – Seirbhísí Pobail/Sóisialta/Pearsanta

Tugann *Figure 3.14* miondealú ar na teagmhais mharfacha de réir contae do 2005 go dtí 2007. Tharla 10 de na 67 bás i bPort Láirge (Is básanna iascaireachta a bhí in 8 bás díobh).


Tugann sonraí ó Eurostat don bhliain tagartha 2005 le fios go raibh ráta báis oibrithe na hÉireann os cionn meáin an AE15 le hosc cionn 3 bás in aghaidh gach 100,000 oibrí i gcomparáid le meán an AE15 d'osc cionn 2 bás in aghaidh gach 100,000 oibrí (féach Figiúirí 3.15 agus 3.16). Bhí an ceathrú ráta báis ab airde ag Éirinn, agus ní raibh ráta ní b'airde ag tír ar bith eile seachas an Phortaingéil, an Ostair agus an Spáinn. Léirigh sonraí Eurostat do 2004 go raibh ráta báis oibrithe na hÉireann beagáinín ní b'isle ná meán an AE15 (HSA, 2007b, lch. 52).

Fíor 3.14: Líon básanna (idir oibrithe agus eile) de réir contae 2005-2007 (HSA)


Contae	Bliain		
	2005	2006	2007
Ceatharlach	0	0	1
An Cabhán	4	1	1
An Clár	3	6	1
Corcaigh	9	11	3
Doire	0	0	1
Dún na nGall	6	4	4
Baile Átha Cliath	9	5	9
Gaillimh	3	1	2
Ciarraí	2	1	4
Cill Dara	6	1	2
Cill Chainnigh	1	2	5
Laois	3	1	1
Liatroim	1	0	0
Luimneach	1	2	4
An Longfort	1	2	0
Lú	4	0	5
Maigh Eo	2	4	3
An Mhí	4	0	0
Muineachán	1	0	0
Uíbh Fhailí	1	2	0
Ros Comáin	0	1	0
Sligeach	0	1	2
Tiobraid Árann	5	0	0
Port Láirge	1	0	10
An Iarmhí	2	2	2
Loch Garman	5	3	5
Cill Mhantáin	0	1	2
Iomlán	74	51	67



Fíor 3.15: Rátaí báis oibrithe san AE 2005 (Eurostat)



Fíor 3.16: Léarscáil a léiríonn rátaí báis oibrithe san AE 2005 (Eurostat)



Foinse: Suíomh Gréasáin Eurostat



Foláirimh faoi Riosca

• Méadú ar líon na mbásanna

Tháinig méadú foriomlán ar líon na mbásanna a bhain le hobair i 2007 go dtí 67 bás ó 51 bás i 2006. Bhí an méadú bunaithe go háirithe ar líon ní ba mhó básanna sna hearnálacha seo a leanas:

lascaireacht	: 2 bás i 2006, 12 bás i 2007
Tógáil	: 13 bás i 2006, 18 bás i 2007
Iompar	: 4 bás i 2006, 9 bás i 2007.

• Méadú ar an ráta básanna

Tháinig méadú ar an ráta foriomlán de bhásanna oibrithe i 2007 go dtí 2.8 bás in aghaidh gach 100,000 oibrí ó 2.2 bás i 2006. Bhí an méadú bunaithe go háirithe ar na rátaí báis ní b'airde sna hearnálacha Talmhaíochta agus lascaireachta, Iompair, Stórála agus Cumarsáide agus Riaracháin Phoiblí agus Cosanta.

• Líon ard básanna lascaireachta

D'fhulaing dáréag oibrí san earnáil lascaireachta gortaithe marfacha i 2007. Is méadú drámatúil é seo – bhí 3 bás i 2002, 0 i 2003, 3 i 2004, 2 i 2005 agus 2 i 2006.

Níor tuairiscíodh ach 10 gortú neamh-mharfach don Údarás ó earnáil na hIascaireachta i 2007, ach tugann an ráta báis ard le fios go bhfuil tuairisciú go mór in easnamh ón earnáil.

• Ráta báis na hÉireann i gcomparáid le Ballstáit eile na hEorpa

Léiríonn na sonraí is déanaí atá ar fáil ó Eurostat go raibh an ceathrú ráta báis oibrithe ab airde ag Éirinn san AE15 i 2005. Bhí ráta na hÉireann i bhfad ní b'airde ná méan an AE15 (os cionn 3 bás in aghaidh gach 100,000 oibrí in Éirinn i gcomparáid le 2 bás in aghaidh gach 100,000 oibrí san AE15). Is mar gheall ar líon an-ard na mbásanna in Éirinn i 2005 (74 bás) atá sé seo. Táthar ag súil go léireoidh comparáidí Eurostat do 2006 agus 2007 ráta báis laghdaithe in Éirinn i gcoibhneas le meán an AE15 agus na laghduithe i líon agus ráta na mbásanna in Éirinn ó 2005 á dtabhairt san áireamh (ó 3.3 in aghaidh gach 100,000 oibrí Éireannach i 2005 go dtí 2.2 i 2006 agus 2.8 i 2007).

Bhí an chomparáid i 2004 ní ba dhearfaí nuair a bhí ráta báis na hÉireann beagáinín faoi mheán an AE15 (2.2 bás in aghaidh gach 100,000 oibrí Éireannach i gcomparáid le 2.5 bás in aghaidh gach 100,000 oibrí AE15). Ní raibh rátaí báis ní b'isle ag tír ar bith eile ach an tSualainn, an Danmhairg agus an Ríocht Aontaithe i 2004.

4. Ábhar Speisialta

4.1 Líonra THOR Ireland (Tuairiscithe Sláinte agus Gairme)

Forbairt líonra THOR Ireland

Is córas tuairiscithe deonach um ghalair ceirde do speisialtóirí míochaine é Líonra (Tuairiscithe Sláinte agus Gairme) Thor. Forbraíodh an líonra sa Ríocht Aontaithe agus tá sé á riaradh ag Dámh na Míochaine in Ollscoil Mhanchain. I 2005 leathnaíodh córas THOR amach chun tuairisciú o speisialtóirí Éireannacha a chuimsiú. Rinne Ollscoil Mhanchain THOR Ireland a riaradh ar bhunús fábhair i 2005 agus 2006. Mhaoinigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta an córas i 2007 agus béidh sé á mhaoiniú freisin i 2008.

Iarrtar ar speisialtóirí míochaine cásanna nua galair a thuairisciú a chuireann obair faoi deara nó a chuireann sí leo. Ní shainmhínítear critéir cásanna cruinne ach tugtar treoir ina leith, agus ní iarrtar ar thuairisceoirí fiosrúcháin a dhéanamh thar na cinn a bhfuil gá leo ar fhoras cliniciúil. Bailítear raon d'athróga, ina measc aois, inscne, diagnóis, gníomhaíocht eacnamaíoch an fhostóra, gníomhaí amhrasta agus gairm an duine nuair a tháinig sé/sí i dteagmháil leis an ngníomhaí gortaithe. Cuireann speisialtóirí cásanna isteach trí chóras tuairiscithe ar líne. Déanann foireann ag an Scoil Míochaine in Ollscoil Mhanchain na sonraí a chomhordú agus a phróiseáil, agus cuirtear ar fáil don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus do pháirtithe leasmhara eile iad ar bhonn rialta.

Tá scéimeanna éagsúla do ghalair cheirde éagsúla laistigh de líonra THOR. Tá trí scéim cuimsithe ag THOR Ireland faoi láthair:

- EPIDERM – tuairisciú ó dheirmeolaithe
- SWORD – tuairisciú ó lianna riospráide
- OPRA – tuairisciú ó lianna ceirde (ó 2007 amháin)

Tá 12 lia riospráide comhairleach cláraithe don scéim SWORD, 14 deirmeolaí comhairleach cláraithe do EPIDERM, agus 18 lia ceirde cláraithe le tuairisciú do scéim OPRA ó tugadh isteach ar an 1 Eanáir 2007 í.

Táthar ag súil go méadóidh líon na speisialtóirí rannpháirteacha agus líon na dtuairiscí ar chásanna de réir mar a bheidh eolas ag speisialtóirí Éireannacha ar an líonra, cosúil leis an treocht sa Ríocht Aontaithe ina bhfuil rátaí rannpháirtíochta in EPIDERM agus SWORD ard (idir 86% agus 98% i 2002/2003). Tá urraitheoirí díograiseacha ag THOR Ireland cheana féin agus tá líonraí láidre de dheirmeolaithe, speisialtóirí riospráide agus lianna ceirde bunaithe in Éirinn. I 2007 cheadaigh agus chothaigh Coláiste Ríoga na Lianna in Éirinn rannpháirtíocht sa scéim OPRA i measc a bhall. Tá roinnt cur i láthair comhdhála agus seimineáir de shonraí THOR Ireland pleanáilte le heagraíochtaí leighis i 2008 chun rannpháirtíocht níos leithne sna scéimeanna tuairiscithe a spreagadh.

Leanann an tÚdarás leis tacaíocht a thabhairt do riaradh lárnach THOR Ireland ag Ollscoil Mhanchain ar an mbunús go bhfuil boneagar ann cheana féin le modhanna cruthaithe ina ndéanann foireann shaineolaíoch sonraí a bhailiú agus a anailísiú.

Is é an príomhbhuntaiste atá ag líonra THOR ná ardcháilíocht na sonraí a sholáthraíonn na speisialtóirí míochaine, agus diagnóis agus aitreabúideachtaí ceirde á ndéanamh ag saineolaithe cáilithe. Míbhuntaiste amháin atá ann, ná go bhfuil an tacar sonraí páirteach toisc nach gcuimsíonn sé ach amháin na cásanna sin a bhí os comhair na speisialtóirí a ghlacann páirt sa scéim.



De réir mar a mhéadaíonn líon na dtuairiscí, tá sé beartaithe ag an Údarás sonraí THOR a úsáid chun feachtais choisctheacha agus idirghabhálacha a chur ar an eolas i réimse na sláinte ceirde. Ba chóir go mbeadh sé indéanta freisin rátaí teagmhas náisiúnta agus earnála a ríomh agus gairmeacha ardriosca a aithint – bhain Ollscoil Mhanchain conclúidí roimhe seo as sonraí Thor do phobail gheografacha cosúil le hAlbain agus d'earnálacha tionsclaíocha ar leith. Lé himeacht ama féadfaidh sé a bheith indéanta freisin sonraí THOR Ireland a chur i gcomparáid le scéimeanna THOR i dTuaisceart Éireann (áit a dtuairiscíonn 75 dochtúir, ina measc 9 deirmeolaí, 14 lia cliabhraigh agus 19 lia ceirde) agus sa chuid eile den Ríocht Aontaithe.

B'fhéidir go n-úsáidfear sonraí THOR Ireland amach anseo freisin chun riachtanais sonraí ar leibhéal Eorpach a chomhlíonadh. Tá rialachán molta ag Eurostat faoina mbeidh sé mar cheanglas dlíthiúil ar gach Ballstát comhad sonraí bliantúil a chur ar fáil de gach gortú cheirde agus cás galair a taifeadadh. Faoi láthair, ní sholáthraíonn Éire sonraí galair d'Eurostat (tuairiscíonn an tÚdarás sonraí gortaithe gach bliain). Beidh ar roinnt gníomhairí Éireannacha comhoibriú le chéile chun na sonraí galair a bhailiú ach táthar ag súil go mbeidh sonraí THOR Ireland mar fhoinsé luachmar chun an ceanglas seo a chomhlíonadh nuair a thiocfaidh an rialachán Eurostat i bhfeidhm.

Tá sonraí eile maidir le breoiteachtaí a bhaineann le hobair nó galar ceirde teoranta. Bailíonn an CSO sonraí breoiteachta le linn na Suirbhéireachta Ráithiúla Náisiúnta ar Theaghlach ach tá na figiúirí bunaithe ar fhéintuairiscí agus níl said seiceáilte de réir míochaine. Cuireann an rannán Sochar Gortaithe Ceirde den Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlach an tÚdarás ar an eolas maidir le héilimh a bhaineann le cásanna galair cheirde ach ní chuirtear ach 50 cás in aghaidh na bliana in iúl ar an mbealach seo agus tá sonraí faoi ghnéithe na breoiteachta a bhaineann le hobair teoranta. Tá sonraí suirbhé ad hoc ar bhreoiteachtaí a bhaineann go sonrach le hobair cosúil le neamhoird mhatánchnámharlaigh ar fáil ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair. San iomlán, tá sé mar thosaíocht don Údarás go leanfar le Córas Thor agus go n-aithneofar sonraí cuí eile mar gheall ar an easpa sonraí galair cheirde in Éirinn.

Tá sé beartaithe achoimre ar shonraí THOR Ireland a chuimsiú in Achoimre Staitisticí an Údaráis ar bhonn bliantúil.

Achoimre ar shonraí THOR Ireland 2005–2007

Tuairiscíodh 280 cás de ghalar ceirde do chóras THOR Ireland sa tréimhse 2005 go 2007 mar seo a leanas:

- 2005: 94 cás (EPIDERM, SWORD)
- 2006: 75 cás (EPIDERM, SWORD)
- 2007: 111 cás (EPIDERM, SWORD, OPRA)

I dtéarmaí na sainscéimeanna, is mar seo a leanas atá miondealú na dtuairiscí:

- EPIDERM: 180 cás
- SWORD: 35 cás
- OPRA: 65 cás (2007 amháin)

As na 280 tuairisc ar chásanna a fuarthas ó speisialtóirí Éireannacha, is d'fhir a bhí 128 (46%) acu agus do mhná a bhí 152 (54%) acu (féach Fíor A.1 do mhiondealú de réir scéime agus inscne). Fuair scéim EPIDERM an líon ba mhó tuairiscí, agus bhí líon na ngalar cnis a tuairiscíodh d'fhir cosúil leis an líon a tuairiscíodh do mhná. Fuair an scéim SWORD an líon ba lú tuairiscí (13% amháin de na tuairiscí ar fad); tá i bhfad níos mó tuairiscí ar bhreoiteachtaí riospráide ar fhir ná ar mhná. Tugadh scéim OPRA isteach i 2007 agus fuair sí níos mó tuairiscí (65) ná EPIDERM nó SWORD i 2007. Baineann 80% de thuairiscí OPRA le hothair bhan.



Léiríonn Fíor A.1 chomh maith go bhfuil laghdú ag teacht ar líon na dtuairiscí i scéimeanna EPIDERM agus SWORD ó 2005 i leith (ó 69 tuairisc EPIDERM i 2005 go dtí 43 tuairisc i 2007 agus ó 25 tuairisc SWORD i 2005 go dtí 3 tuairisc amháin i 2007). Táthar ag súil go gcabhróidh tabhairt isteach scéim OPRA agus na hiarrachtaí phróifíl THOR Ireland a ardú le tuairisceoirí breise a earcú agus tuairisciú iomlán a spreagadh.

Fíor A.1: Scéim THOR de réir inscne 2005-2007

		2005	2006	2007	Iomlán
EPIDERM	Fir	36	28	22	86
	Mná	33	40	21	94
SWORD	Fir	21	5	3	29
	Mná	4	2	0	6
OPRA	Fir	–	–	13	13
	Mná	–	–	52	52

Tá na tuairiscí ar chásanna curtha i láthair de réir aoisghrúpa i *bhFíor A.2*. Tá an phróifíl aoise éagsúil go maith do gach scéim. Léiríonn *Fíor A.3* go dtuairiscítear riochtaí cnis don chuid is mó sna haoisghrúpaí 16-24 agus 25-34. Léiríonn *Fíor A.4* go bhfuil riochtaí riospráide le fáil níos mó sna bandaí aoise 45–54 and 55–64. Léiríonn *Fíor A.5* gur le haghaidh na n-aoisghrúpaí 35–44 agus 45–54 atá an líon is mó tuairiscí OPRA, gan tuairisc ar bith sa chatagóir 65 + (b'fhéidir toisc nach dócha go mbeadh rochtain dhíreach ag oibrithe ar scor ar lianna ceirde).






Fíor A.2: Scéim THOR de réir aoisghrúpa 2005-2007

		2005	2006	2007	Iomlán
EPIDERM*	16-24	16	11	12	39
	25-34	22	14	12	48
	35-44	8	17	7	32
	45-54	15	13	5	33
	55-64	6	9	3	18
	65+	2	3	0	5
SWORD	16-24	2	0	0	2
	25-34	2	0	1	3
	35-44	2	3	2	7
	45-54	8	2	0	10
	55-64	6	2	0	8
	65+	5	0	0	5
OPRA	16-24			3	3
	25-34			10	10
	35-44			20	20
	45-54			26	26
	55-64			6	6
	65+			0	0

*Tabhair faoi deara nach bhfuil sonraí aoise ar fáil do roinnt cásanna EPIDERM

Fíor A.3: EPIDERM de réir aoisghrúpa 2005-2007




Fíor A.4: SWORD de réir aoisghrúpa 2005-2007

Fíor A.5: OPRA de réir aoisghrúpa 2007


Léiríonn Fíor A.6 cineálacha na ndiagnóisí laistigh de gach scéim tuairiscithe. Déantar an chuid is mó de na galair chnis a chatagóiriú mar dheirimíteas teagmála – bhí gach tuairisc EPIDERM i 2006 agus 2007 sa chatagóir seo. Rinneadh an chuid ba mhó de na cásanna riospráide a chatagóiriú mar asma. Gabhadh raon leathan diagnóisí faoi scéim OPRA anuraidh, ina measc, fadhbanna riospráide (3) agus cnis (8), ach bhain tromlach na gcásanna a tuairiscíodh sa scéim seo le cásanna struis/ anbhuaíne meabhraí (30) agus neamhoird mhatánchnámharlaigh (23).




Fíor A.6: Scéim THOR de réir diagnóise 2005-2007*


Scéim	Galar	2005	2006	2007
EPIDERM	Deirmitíteas teagmhála	65	68	42
	Urtacáire	2	0	0
	Aicídmhear	1	0	0
	Eile	2	0	0
	Iomlán	70	68	42
SWORD	Asma	11	5	2
	Ailléirgeach	1	0	0
	Broincíteas	1	0	0
	Méisitéilióma	3	0	0
	Ailse scamhóg	0	1	0
	Níúmaconóis	7	0	0
	NMPD	2	0	0
	Eile	0	1	1
	Iomlán	25	7	3
OPRA	Riospráide			3
	Cneas			8
	Matánchnámharlaigh			23
	Caillteanas éisteachta			0
	Strus/galar meabhrach			30
	Galair eile			0
	Iomlán			64

*Tabhair faoi deara nach bhfreagraíonn iomláin sa tábla seo do líon iomlán na dtuairiscí ar chásanna toisc go raibh ildíagnóisí ag cásanna áirithe agus nach raibh dlígnóis ar bith ag cinn eile.


Cuireann anailís ar na sonraí ceirde agus tionscail próifíl na ngrúpaí is mó atá i mbail ó ghalair cheirde shonracha in iúl. Is féidir tát a bhaint as sonraí EPIDERM go mbaineann an-chuid de na cásanna de dheirmitíteas teagmhála le hoibrithe measartha óg a oibríonn i gceirdeanna oilte nó i ról ghairmiúla comhlachais i dtionscail na tógála agus an chúraim sláinte (féach Figiúirí A.7 agus A.8).

Fíor A.7: EPIDERM de réir gairme 2005-2007





Fíor A.8: EPIDERM de réir tionscail 2005-2007


Tugann sonraí ó scéim SWORD le tuiscint go mb'fhéidir go mbíonn asma nó niúmaconóis ar oibrithe atá níos sine nó ar scor. Is dócha go bhfuil na hoibrithe seo ag obair, nó go raibh siad ag obair mar oirbreoirí próisis, gléasra nó innill nó i gceirdeanna oilte. Tuairiscíodh tromlach na gcásanna SWORD ó na tionscail mhianadóireachta agus chairéalaithe agus ó na tionscail déantúsaíochta ceimiceán agus táirgí ceimiceacha (féach *Fíoracha A.9* agus *A.10*).


Fíor A.9: SWORD de réir gairme 2005-2007


Fíor A.10: SWORD de réir tionscail 2005-2007




Tugann na cásanna a thuairiscigh lianna ceirde do scéim OPRA i 2007 le tuiscint go bhfuil neamhoird mhatánchnámharlaigh agus strus a bhaineann le hobair ar oibrithe sna haoisghrúpaí 35–44 agus 45–54. Tá an-chuid de na hoibrithe seo fostaithe i róil ghairmiúla comhlachais agus róil teicniúla in earnáil na sláinte agus an chúraim sláinte (féach *Fíoracha A.11* agus *A.12*).

Fíor A.11: OPRA de réir gairme 2007



Fíor A.12: OPRA de réir tionscail 2007





Déanann na próifílí tosaigh seo ciall iomasach i dtéarmaí na n-aoisghrúpaí, na ngairmeacha agus na dtionscal a bhfuil rioscaí sláinte ceirde sonracha os a gcomhair agus tá an tÚdarás cheana féin ag cur acmhainní suntasacha i dtreo neamhord matánchnámharlaigh agus struis a bhaineann le hobair. Is í seo an chéad uair, áfach, go bhfuil sonraí atá bailíochtaithe de réir míochaine ag an Údarás chun a ghiomhaíochtaí i réimse na sláinte ceirde a chur ar an eolas agus chun tacú leo. Le himeacht ama, agus le leibhéal níos fearr tuairiscithe, ba chóir go mbeadh bunús fianaise ardcháilíochta á thairiscint ag bunachar sonraí THOR Ireland do na hAonaid Sláinteachais Oibre agus Sláinte Ceirde laistigh den Údarás, agus do pháirtithe leasmhara eile.



4.2 Úsáid a bhaint as Bunachar Sonraí an Údaráis: Measúnú ar Thionchar Fheachtas Obair ar Airde an HSA in Earnáil na Tógála

Tá na sonraí a bhailíonn an tÚdarás rithábachtach le hearnálacha tosaíochta agus guaiseacha a aithint, le forbairt réiteach a chur ar an eolas agus le monatóireacht a dhéanamh ar rath an Údaráis maidir le feidhmíocht sláinte agus sábháilteachta a fheabhsú. Tugann an tÁbhar Speisialta breac-chuntas ar an mbealach a d'úsáid an tÚdarás a bhunachair sonraí fairsinge le measúnú a dhéanamh ar thionchar gníomhaíochtaí a bhí dírithe ar shábháilteacht a fheabhsú dóibh siúd a oibríonn ar airde (WAH) in earnáil na Tógála.

Is mar gheall ar an tsraith bhásanna de bharr titimí scafaill ar láithreáin tógála Bhaile Átha Cliath go luath sna 1990aí, agus ar an méadú mór ar ghníomhaíocht tógála chomh maith, a thug an tÚdarás sraith bheart isteach chun dul i ngleic leis na rioscaí a bhaineann le WAH, ina measc:

- Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil), 1995
- Feachtas sábháilteachta tiomanta agus brú poiblíochta (1996)
- Comhpháirtíocht Sábháilteachta Tógála a Dhéanamh (1999)
- Cód Cleachtais Scafaill (1999)
- Earcú HSA de shainchigirí tógála (2000)
- Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) 2001
- Scéim Teistiúcháin an Phas Shábháilte agus Scileanna Tógála (2001)
- Feachtais chigireachta Coiste Cigirí Saothair Sinsearach (SLIC) (2003)
- Cód Cleachtais Díonadóireachta (2005)

Is dóigh leis an Údarás go raibh a fheachtais spriocdhírthe, a threoir agus a ghníomhaíocht fhorfheidhmithe thar dheich mbliana éifeachtach, agus go bhfuil níos lú gortaithe marfacha agus neamh-mharfacha in earnáil na Tógála de bharr titime ó airde.

In 2006 d'fhoilsigh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta measúnú ar thionchar na reachtaíochta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair. Cé gur léirigh an tuairisc tionchar dearfach san iomlán, níor bhunaigh sé aon chaidreamh díreach nó suntasach idir cur i bhfeidhm na reachtaíochta agus rátaí teagmhais ina dhiaidh sin. Bhí suim ag an Údarás fáil amach an dtiocfadh caidreamh chun cinn dá mbeadh an anailís dírithe ar ghníomhartha a bhain go sonrach le WAH agus le ráta na dteagmhais titime ó airde ina dhiaidh sin. I 2007 choimisiúnaigh an tÚdarás Horwath Consulting Ireland i gcomhar le Bomel Consultants (an Ríocht Aontaithe) chun an fhianaise a scrúdú.


Rinne na comhairligh anailís ar bhunachair sonraí de theagmhais tuairiscithe nach raibh ainmneacha luaite iontu, cigireachtaí agus gníomhartha forfheidhmithe ó 1993 go dtí 2005 (i.e. an tréimhse sular seoladh na Rialacháin um Obair ar Airde i 2006), ag féachaint chuig treocht ar bith a bhaint amach maidir le feidhmíocht sábháilteachta WAH. Bhí an bunachar sonraí de theagmhais tuairiscithe ó earnáil na Tógála rithábachtach maidir leis an luacháil seo de ghníomhartha an Údaráis. Tuairiscíonn earnáil na Tógála thart ar 1500 gortú go seasmhach don Údarás gach bliain (nó 20% de na tuairiscí ar fad). Ní thuairiscíonn earnáil ar bith níos mó timpistí ach amháin earnáil na Déantúsaíochta. Níl na timpistí ar fad á dtuairisciú fós, go háirithe timpistí ó chuideachtaí tógála beaga, ach toisc go bhfuil bunachar sonraí measartha mór de theagmhais a bhaineann le tógáil ann, is féidir leis an Údarás monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir leis na phriacail shonracha san earnáil.



Thuiriscigh na comhairligh na príomhthorthaí seo a leanas bunaithe ar shonraí timpiste agus forfheidhmithe:

- Tháinig méadú ar na teagmhais a bhain le titim idir 1995 agus 2000 ó thimpeall 40 in aghaidh gach 100,000 fostaí go dtí 180 in aghaidh gach 100,000 fostaí, ach tá laghdú ag teacht ar an ráta ó 2001 i leith agus ba 60 fostaí in aghaidh gach 100,000 a bhí ann i 2006 (féach Fíor B.1).

Fíor B.1: Timpistí a tuairiscíodh don HSA a bhain le titim ó airde de réir lín agus ráta in aghaidh gach 100,000 oibrí (HSA, 2007a, lch. 16)




- Is beag nár tháinig méadú líneach ar ráta na bhfógraí a d'éisigh an tÚdarás maidir le sárúithe WAH in earnáil na Tógála idir 1998 agus 2001, agus is beag nár tháinig laghdú líneach ina dhiaidh sin ar ráta na bhfógraí a eisíodh ó 2001 i leith (féach Figiúr B.2). In ainneoin athrú mór a bheith ann ó bhliain go bliain, tá treocht anuas á léiriú ag an ráta titime ó airde ó 1999. Tugann na comhairligh le tuiscint gur chuir an méadú ar fhógraí a bhain le WAH idir 1998 agus 2001 le:

“...feasacht níos fearr ar obair ar airde agus ar an dóigh seo ráta na dtitimí a laghdú. Toisc go bhfacthas níos lú cleachtas baolach ar láithreáin ar theastaigh fógraí promhaidh uathu chun obair a chur ar fionraí, ní bheadh sé míréasúnta dá dtiocfadh laghdú ar líon na bhfógraí a eisíodh.” (HSA, 2007a, lch. 46)




Fíor B.2: An t-athrú ar líon na bhfógraí a bhaineann le WAH a d'eisigh an HSA i dtionscal na tógála agus ráta na dtimpistí titime ó airde sa tionscal tógála a tuairiscíodh don HSA (1998 tógtha mar an mbonnlíne) (HSA, 2007a, lch. 46)




- Sa tréimhse ó 1995 to 2006, mheas na comhairligh gur infheistigh an tÚdarás thart ar €39 milliún i ngníomhachtaí a bhain le WAH in earnáil na Tógála. Tá leibhéal an chaiteachais a bhaineann le tógáil breactha i gcoinne ráta na dtimpistí a bhaineann le titim i bhFigiúr B.3. Léiríonn Fíor B.4 tionscnaimh shonracha HSA breactha i gcoinne ráta na dtimpistí a bhaineann le titim. Measann na comhairligh go seasann an infheistíocht seo do mhéadú ar líon na ndaoine a sabháladh agus líon na ngortaithe a coisceadh (féach Figiúr B.5), agus go seasann sé do bhuntaistí eacnamaíocha de thart ar €300 million.



Fíor B.3: An t-athrú ar chaiteachas an HSA i dtionscal na tógála agus ráta na dtimpistí titime ó airde sa tionscal tógála a tuairiscíodh don HSA (1995 tógtha mar an mbonnlíne) (HSA, 2007a, lch. 47)




Fíor B.4: An t-athrú ar ráta na dtimpistí titime ó airde i dtionscal na tógála a tuairiscíodh don HSA (1995 tógtha mar an mbonnline) agus tionchar tionscnamh HSA (HSA, 2007a, lch. 43)





Fíor B.5: An treocht réamh-mheasta maidir le ráta na dtimpistí titime ó airde in earnáil na tógála gan tionchar na dtionscnamh HSA a thabhairt san áireamh (HSA, 2007a, lch. 44)



Admhaíonn na comhairligh gur dócha go bhfuil an t-iliomad cúiseanna leis na cleachtais WAH feabhsaithe in earnáil ná tógála agus nach féidir iad a chur síos d'idirghabhálacha ar leith ó eagraíochtaí aonair. Bunaithe ar na comhghaolúcháin láidre sna sonraí, áfach, molann siad gur chuir éifeacht charnach fheachtas an HSA leis an laghdú ar thimpistí WAH. Go sonrach, tugann siad le tuiscint go raibh éifeacht ag caiteachas méadaithe ar dtús i 2000, an bhliain ina raibh an chéad laghdú ar ráta na dtimpistí titime ó airde le féiceáil.

Tá na buntáistí seo a leanas ag bunachair shonraí an Údaráis a úsáid chun tionchar an fheachtais WAH a mheasúnú:

- Déarbhaíonn siad go raibh tionchar dearfach ag acmhainní spriocdhírthe i dtéarmaí na ndaoine a sabháladh agus na ngortaithe a coisceadh.
- Soláthraíonn siad fianaise go bhfuair an tÚdarás luach a chuid airgid – fabhraíonn buntáistí eacnamaíocha suntasacha ó fheidhmíocht sábháilteachta WAH níos fearr.
- Cuireann siad leis an gcás le haghaidh acmhainní breise.
- Aithníonn siad modhanna ar éirigh leo agus is féidir a mhacsamhlú.

Ar fud na hearnála poiblí, tá dualgas níos mó ar eagraíochtaí a ngníomhartha a luacháil. Ach teastaíonn sonraí maithe chun luachálacha bríocha a bheith ann. Ní bheadh an anailís ar thionchar WAH seo indéanta muna mbeadh foinsí sonraí ar theagmhais, chigireachtaí agus gníomhartha forfheidhmithe in earnáil na Tógála ar fáil. Tá níos mó fadhbanna ag baint le guaiseanna a aithint agus athruithe a lorg i rátaí timpiste in earnálacha nach dtuairscíonn a dtimpistí ar fad don Údarás.

Tá an tuarascáil iomlán ar mheasúnú ar thionchar ar fáil ó Shraith Thaighde an HSA ar shuíomh Gréasáin an Údaráis: www.hsa.ie.



TALMHAÍOCHT, SEALGAIREACHT AGUS FORAOISEACHT (11 BÁS)

DÁTA	CÚINSÍ NA TIMPISTE	STÁDAS FOSTAÍOCHTA	GRÚPA GAIRMEACHA	TIMPEALLACHT OIBRE	CONTAE	AOIS
22-Feabhra-07	Thit burla féir ón scioból	Féinfhostaithe	Bainisteoirí fiontar beag	Feirm, feirm éisc, foraois nó páirc	Maigh Eo	59
06-Márta-07	Titim Balla	Féinfhostaithe	Bainisteoirí fiontar beag	Feirm, feirm éisc, foraois nó páirc	Corcaigh	66
24-Márta-07	Thit an duine nach maireann i meirfean in aice le humar sciódair	Féinfhostaithe	Bainisteoirí fiontar beag	Feirm, feirm éisc, foraois nó páirc	Dún na nGall	69
28-Márta-07	Fuarthas an duine nach maireann in umar sciódair	Féinfhostaithe	Bainisteoirí fiontar beag	Feirm, feirm éisc, foraois nó páirc	Laos	58
14-Aibreán-07	Titim Balla	Fostaí	Talmhaíochta, iascaigh agus saothraithe lena mbaineann	Feirme, feirm éisc, foraoise nó páirc	Lú	58
16-Aibreán-07	Tarraingíodh an duine nach maireann faoi roth deiridh tarracóra	Féinfhostaithe	Bainisteoirí fiontar beag	Feirm, feirm éisc, foraois nó páirc	Cill Chainnigh	81
03-Bealtaine-07	Thit burlaí sadhlais ó leantóir	Neamhoibrí	Níl bainteach	Feirm, feirm éisc, foraois nó páirc	An Cabhán	10
06-Meán Fómhair-07	D'iompaigh tarracór agus leantóir droim ar ais	Fostaí	Talmhaíochta, iascaigh agus saothraithe lena mbaineann	Mótarbhealaí nó bóithre	Port Láirge	54
24-Meán Fómhair-07	Fuarthas an duine nach maireann in umar sciódair	Féinfhostaithe	Bainisteoirí fiontar beag	Feirm, feirm éisc, foraois nó páirc	An Iarmhí	77
02-Deireadh Fómhair-07	Ionsaithe ag tarbh	Neamhoibrí	Níl bainteach	Feirm, feirm éisc, foraois nó páirc	An Iarmhí	73
20-Nollaig-07	Titim as balla clais sadhlais	Féinfhostaithe	Bainisteoirí fiontar beag	Limistéar síolraithe	Corcaigh	75

IASCAIREACHT (12 BÁS)

DÁTA	CÚINSÍ NA TIMPISTE	STÁDAS FOSTAÍOCHTA	GRÚPA GAIRMEACHA	TIMPEALLACHT OIBRE	CONTAE	AOIS
10-Eanáir-07	Bád iascaireachta scadáin a chuaigh go tóin i bhfarraige mhór	Fostaí	Talmhaíochta, iascaigh agus saothraithe lena mbaineann	Ar/os cionn uisce (seachas tógáil)	Port Láirge	32
10-Eanáir-07	Bád iascaireachta scadáin a chuaigh go tóin i bhfarraige mhór	Fostaí	Oibrithe oile talmhaíochta agus iascaigh	Ar/os cionn uisce (seachas tógáil)	Port Láirge	47
10-Eanáir-07	Bád iascaireachta scadáin a chuaigh go tóin i bhfarraige mhór	Fostaí	Oibrithe oile talmhaíochta agus iascaigh	Ar/os cionn uisce (seachas tógáil)	Port Láirge	27
10-Eanáir-07	Bád iascaireachta scadáin a chuaigh go tóin i bhfarraige mhór	Fostaí	Oibrithe oile talmhaíochta agus iascaigh	Ar/os cionn uisce (seachas tógáil)	Port Láirge	53
10-Eanáir-07	Bád iascaireachta scadáin a chuaigh go tóin i bhfarraige mhór	Fostaí	Oibrithe oile talmhaíochta agus iascaigh	Ar/os cionn uisce (seachas tógáil)	Port Láirge	32
10-Eanáir-07	Chuaigh trálaer go tóin i bhfarraige mhór	Fostaí	Oibrithe oile talmhaíochta agus iascaigh	Ar/os cionn uisce (seachas tógáil)	Port Láirge	30
10-Eanáir-07	Chuaigh trálaer go tóin i bhfarraige mhór	Féinfhostaithe	Oibrithe oile talmhaíochta agus iascaigh	Ar/os cionn uisce (seachas tógáil)	Port Láirge	39
02-Iúil-07	Caillte san fharraige ó bhád iascaireachta	Fostaí	Oibrithe oile talmhaíochta agus iascaigh	Ar/os cionn uisce (seachas tógáil)	Maigh Eo	19
04-Lúnasa-07	Caillte san fharraige ó bhád iascaireachta	Féinfhostaithe	Bainisteoirí fiontar beag	Soitheach farraige nó árdán	Port Láirge	38
17-Deireadh Fómhair-07	Caillte san fharraige ó bhád iascaireachta	Fostaí	Oibrithe oile talmhaíochta agus iascaigh	Soitheach farraige nó árdán	Loch Garman	29
03-Nollaig-07	D'iompaigh bád iascaireachta béal faoi	Fostaí	Oibrithe oile talmhaíochta agus iascaigh	Soitheach farraige nó árdán	Dún na nGall	19
03-Nollaig-07	D'iompaigh bád iascaireachta béal faoi	Féinfhostaithe	Bainisteoirí fiontar beag	Soitheach farraige nó árdán	Dún na nGall	46

NB: Is tásach amháin atá na tuairiscí seo ar chuinsí na dtimpistí, toisc go bhfuil go leor de na básanna seo fós á bhfiosrú.



MIANADÓIREACHT AGUS CAIRÉALEACHT (2 BÁS)

DÁTA	CÚINSÍ NA TIMPISTE	STÁDAS FOSTAÍOCHTA	GRÚPA GAIRMEACHA	TIMPEALLACHT OIBRE	CONTAE	AOIS
02-Feabhra-07	Titim stoc-charmtha	Fostaí	Tiománaithe agus oibreoirí gléasra shoghluaiste	Láithreán tógála, cairéal, mianach	Cill Chainnigh	48
16-Feabhra-07	Titim ó árdán seasta i gcairéal	Fostaí	Oibrithe miotail, innealra agus ceirdeanna lena mbaimeann	Láithreán tógála, cairéal, mianach	Cill Chainnigh	43

DÉANTÚSAÍOCHT (4 BÁS)

DÁTA	CÚINSÍ NA TIMPISTE	STÁDAS FOSTAÍOCHTA	GRÚPA GAIRMEACHA	TIMPEALLACHT OIBRE	CONTAE	AOIS
23-Aibreán-07	Teagmháil le línte cumhachta lastuas	Fostaí	Saothraithe i mianadóireacht, tógáil, déantúsáil agus iompar	Láithreán tógála, cairéal, mianach	Loch Garman	23
13-Iúil-07	Fuarthas an duine nach maireann i limistéar stórála	Fostaí	Tiománaithe agus oibreoirí gléasra shoghluaiste	Limistéar stórála nó bá lastála	Sligeach	54
04-Deireadh Fómhair-07	Pleascadh coire	Fostaí	Oibrithe ceirde agus ceirdeanna eile lena mbaimeann	Monarcha, limistéar táirgthe, ceardlann	Baile Átha Cliath	53
06-Deireadh Fómhair-07	Bascadh ag inneall	Fostaí	Oibreoirí innill agus díolamóirí	Monarcha, limistéar táirgthe, ceardlann	Lú	24

IOMPAR, STÓRÁIL AGUS CUMARSÁID (9 BÁS)

DÁTA	CÚINSÍ NA TIMPISTE	STÁDAS FOSTAÍOCHTA	GRÚPA GAIRMEACHA	TIMPEALLACHT OIBRE	CONTAE	AOIS
07-Márta-07	Bhuail trucail veain poist an duine nach maireann	Fostaí	Cléirigh oifige	Limistéar Poiblí (bóthar, iarnród, carrchlós etc.)	Ciarráil	56
26-Márta-07	Buailte ag earraí a thit ó choimeádán	Fostaí	Tiománaithe agus oibreoirí gléasra shoghluaiste	Limistéar Poiblí (bóthar, iarnród, carrchlós etc.)	Baile Átha Cliath	58
18-Aibreán-07	Titim ó dhian	Fostaí	Bainisteoirí corparáideacha	Monarcha, láithreán tionsclaíoch nó trádstóras	Ceatharlach	35
20-Aibreán-07	Buailte ag feithicil a bhí ag cúlú	Fostaí	Tiománaithe agus oibreoirí gléasra shoghluaiste	Ar/os cionn uisce (seachas tógáil)	Baile Átha Cliath	51
05-Iúil-07	Timpeiste Bóithre agus an duine ag tiomáint don obair	Fostaí	Gairmithe comhlacha eile	Limistéar Poiblí (bóthar, iarnród, carrchlós etc.)	Luinneach	24
19-Iúil-07	Bhuail ulach ag titim ó leoraí carr an duine nach maireann	Duine den phobal	Nil bainteach	Mótarbhealaí nó bóithre	Cill Chainnigh	49
19-Iúil-07	Bhuail leoraí carr an duine nach maireann	Féinfhostaithe	Nil bainteach	Mótarbhealaí nó bóithre	Cill Chainnigh	31
07-Lúnasa-07	Bhris téad ancaire go tobann agus bhuail sé an duine nach maireann	Fostaí	Eolaocht fhisiceach agus innealtóireachta gairmithe comhlacha	Ar/os cionn uisce (seachas tógáil)	Baile Átha Cliath	24
10 - Meán Fómhair-07	Titim ó leantóir	Fostaí	Tiománaithe agus oibreoirí gléasra shoghluaiste	Mótarbhealaí nó bóithre	Loch Garman	48

NB: Is tascadh amháin atá na tuairiscí seo ar chuinsí na dtimpistí, toisc go bhfuil go leor de na básanna seo fós á bhfiosrú.



TÓGÁIL (18 BÁS)

DÁTA	CÚINSÍ NA TIMPISTE	STÁDAS FOSTAÍOCHTA	GRÚPA GAIRMEACHA	TIMPEALLACHT OIBRE	CONTAE	AOIS
05-Eanáir-07	Bualite ag trucail seachadta	Neamhoibrí	Níl bainteach	Láithreán tógála, cairéal, mianach	Port Láirge	2
08-Eanáir-07	Bualite ag buicéad tochtóra	Fostaí	Saothraithe foirgníochta	Láithreán tógála, cairéal, mianach	Dún na nGall	57
18-Eanáir-07	Bualite ag clár scafaill ag titim	Fostaí	Oibrithe eastósctha agus ceirdeanna tógála	Láithreán tógála, cairéal, mianach	Baile Átha Cliath	28
05-Febrúar-07	Bualite ag buicéad tochtóra	Fostaí	Tiománaithe agus oibreoirí gléasra shoghluaiste	Láithreán tógála, cairéal, mianach	Ciarraí	42
12-Feabhra-07	Bualite ag tochtóir ag cúlu	Fostaí	Saothraithe tógála agus cothabhála: bóithre, dambaí etc.	Limistéar Poiblí (bóthar, iarnród, carrchlós etc.)	Ciarraí	50
10-Aibreán-07	Leictreamharú -teagmháil le sreang nochta	Féinfhostaithe	Oibrithe miotail, innealra agus ceirdeanna lena mbaíneann	Ar/los cionn uisce (seachas tógáil)	Loch Garman	33
01-Márta-07	Thit inneall rollóra isteach i dtóchair	Fostaí	Oibrithe eastósctha agus ceirdeanna tógála	Láithreán tógála, cairéal, mianach	Baile Átha Cliath	38
06-Márta-07	Titim Balla	Ní fios	Saothraithe i mianadóireacht, dtógáil déantúsáil agus iompar	Láithreán tógála, cairéal, mianach	Lú	70
24-Bealtaine-07	D'iompaigh dumpaire droim ar ais	Fostaí	Saothraithe foirgníochta	Láithreán tógála, cairéal, mianach	Cill Dara	31
27-Meitheamh-07	Bruite ag trucail stoighne	Fostaí	Tiománaithe agus oibreoirí gléasra shoghluaiste	Láithreán tógála, cairéal, mianach	Lú	65
31-Iúil-07	Titim ó dhéimire	Féinfhostaithe	Oibrithe eastósctha agus ceirdeanna tógála	Tógáil	An Clár	55
02-Lúnasa-07	Titim ó dhian	Ní fios	Níl bainteach	Teach príobháideach nó limistéar lena mbaíneann	Maigh Eo	58
30-Lúnasa-07	Bualite ag trucail dumpála ag fágáil an láithreáin	Neamhoibrí	Níl bainteach	Tógáil	Luimneach	12
21 -Meán Fómhair-07	Titim tochairle	Féinfhostaithe	Oibrithe eastósctha agus ceirdeanna tógála	Tógáil	Ciarraí	29
08-Deireadh Fómhair-07	baineadh tuisle as ar cholbha	Neamhoibrí	Níl bainteach	Tógáil	Lú	60
13-Samhain-07	Titim ó airde	Neamhoibrí	Níl bainteach	Tógáil	Corcaigh	57
26-Samhain-07	Fuarthas an duine nach maireann marbh i seomra a bhí á phéinteáil aige	Féinfhostaithe	Oibrithe eastósctha agus ceirdeanna tógála	Eile - tógáil	Gaillimh	43
10-Nollaig-07	Bruite ag dumpaire altach	Fostaí	Oibrithe miotail, innealra agus ceirdeanna lena mbaíneann	Tógáil	Baile Átha Cliath	23

TRÁDÁIL MHÓRDHÍOLA AGUS MHIONDÍOLA; DEISIÚ EARRAÍ TÍ AGUS MÓTARFHEITHICLÍ (1 BÁS)

DÁTA	CÚINSÍ NA TIMPISTE	STÁDAS FOSTAÍOCHTA	GRÚPA GAIRMEACHA	TIMPEALLACHT OIBRE	CONTAE	AOIS
24-Deireadh Fómhair-07	Bruite ag feithiclí i gclais iniúchta feithiclí	Féinfhostaithe	Oibrithe miotail, innealra agus ceirdeanna lena mbaíneann	Limistéar cothabhála nó deisiúcháin	Loch Garman	36

NB: Is tásach amháin atá na tuairiscí seo ar chúinsí na dtimpistí, toisc go bhfuil go leor de na básanna seo fós á bhfiosrú.



EASTÁT RÉADACH, GNÓ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ LIGIN AR CÍOS (2 BÁS)

DÁTA	CÚINSÍ NA TIMPISTE	STÁDAS FOSTAÍOCHTA	GRÚPA GAIRMEACHA	TIMPEALLACHT OIBRE	CONTAE	AOIS
03-Eanáir-07	Sciort an duine ó charraig isteach san uisce	Féinfhostaithe	Bainisteoirí fiontar beag	Ar/ós cionn uisce (seachas tógáil)	Gaillimh	38
02-Bealtaine-07	Pléascadh sorcóir gáis ar mharc bóthair déantúsaíocht agus iompar	Fostaí	Saothraithe i mianadóireacht, dtógáil innill	Limistéar Poiblí (bóthar, iarrmód, carrchlós etc.)	Sligeach	60

RIARACHÁN POIBLÍ AGUS COSAINT; SLÁNDÁIL SHÓISIALACH ÉIGEANTACH (4 BÁS)

DÁTA	CÚINSÍ NA TIMPISTE	STÁDAS FOSTAÍOCHTA	GRÚPA GAIRMEACHA	TIMPEALLACHT OIBRE	CONTAE	AOIS
25-Feabhra-07	Bualite ag feithicil agus an duine ag lathair timpiste	Fostaí	Oibrithe seirbhíse pearsanta agus cosanta	Limistéar Poiblí (bóthar, iarrmód, carrchlós etc.)	Luimneach	47
25-Feabhra-07	Bualite ag feithicil agus an duine ag lathair timpiste	Fostaí	Gardaí	Limistéar Poiblí (bóthar, iarrmód, carrchlós etc.)	Luimneach	46
26 -Meán Fómhair-07	Fuair an duine bás agus é/i ag múchadh dóiteáin	Fostaí	Oibrithe seirbhíse pearsanta agus cosanta	Eile	Cill Mhantáin	46
26 -Meán Fómhair-07	Fuair an duine bás agus é/i ag múchadh dóiteáin	Fostaí	Oibrithe seirbhíse pearsanta agus cosanta	Eile	Cill Mhantáin	26

SEIRBHÍSÍ POBAIL, SÓISIALTA AGUS PEARSANTA EILE (4 BÁS)

DÁTA	CÚINSÍ NA TIMPISTE	STÁDAS FOSTAÍOCHTA	GRÚPA GAIRMEACHA	TIMPEALLACHT OIBRE	CONTAE	AOIS
03-Aibreán-07	Brúite idir feithicil	Fostaí	Bainisteoirí corparáideacha	Limistéar Poiblí (bóthar, iarrmód, carrchlós etc.)	Cill Dara	59
16-Bealtaine-07	Titim ó airde	Fostaí	Oibreoirí imill agus díalamóirí	Eile	Baile Átha Cliath	57
02-Deireadh Fómhair-07	Bhi deacrachtaí ag an duine agus é/i ag tiomáint	Fostaí	Oibrithe oile talmhalochta agus iascaigh	Eile	Doire	45
26-Samhain-07	Brúite idir feithicil	Fostaí	Tiománaithe agus oibreoirí gleasra shoghluaisite	Eile	Baile Átha Cliath	50

NB: Is táscaí amháin atá na tuairiscí seo ar chuinsí na dtimpistí, toisc go bhfuil go leor de na básanna seo fós á bhfiosrú.



TAGAIRTÍ

An Phríomh-Oifig Staidrimh (2008), *Statistical Release: Quarterly National Household Survey, Q4 2007*, 8 Márta

An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta (2006), *Report on the Economic Impact of the Safety, Health and Welfare at Work Legislation*

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (2007a), *Impact Assessment of the Working at Height Campaign in the Construction Sector*, HSA Research Series

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (2007b), *Summary of Injury, Illness and Fatality Statistics 2005–2006*

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (2008), *Programme of Work 2008*
Health and Safety Review (2008), Imleabhar 13, Uimhir 1

